Tuarascáil Bhliantúil 2010

IHRC

AN COIMISIÚN UM CHEARTA AN DUINE
IRISH HUMAN RIGHTS COMMISSION

Arna foilsiú den chéad uair Íúil 2011

Ag

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine

4ú hUrlár, Teach Jervis

Sráid Jervis

Baile Átha Cliath 1

Cóipcheart © Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine

ISBN 978-0-9569820-2-5

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine (IHRC) le reacht in 2000, chun cearta an duine in Éirinn a chothú agus a chosaint. Is iad na cearta daonna a sainordaítear don IHRC iad a chothú agus a chosaint, na cearta, na ceadanna agus na cearta a urraítear faoi Bhunreacht na hÉireann agus faoi chomhaontuithe, conarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta ar páirtí iontu Éire.

Clár Ábhar

Brollach 4

0. Réamhrá 6

1. Ról agus Feidhmeanna 8

2. An Coimisiún 10

3. Taighde, Beartas agus Poiblíocht 12

4. Fiosrúcháin, Seirbhísí Dlí agus Riarachán 25

5. Aguisíní 40

Aguisín 1 – Na Coimisinéirí 40

Aguisín 2 – Coistí an Choimisiúin ar 31 Nollaig 2010 48

Aguisín 3 - Foireann an Choimisiúin in 2010 52

Aguisín 4 – Prionsabail Pháras 53

Aguisín 5 - Ráiteas Bliantúil don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta maidir le Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit 57

Aguisín 6 - Ráitis Airgeadais don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2010 58

Brollach

Ghlac an Coimisiún um Chearta an Duine in Éirinn páirt thairbheach dhearfach i saol na tíre le linn 2010. In ainneoin na srianta leanúnacha atá ann ó thaobh acmhainní de – srianta a bheadh dosháraithe murach taithí agus díograis ár bhfoirne féin – bhí an Coimisiún fós gníomhach, éifeachtach sa bhliain 2010.

Is beag ceist a bhaineann le sochaí na hÉireann nach ndeachaigh an Coimisiún i ngleic léi sa bhliain 2010. Ina measc sin tá géarmcheim eacnamaíochta na linne seo, an inimirce, an ciníochas, an córas dlí choiriúil, oideachas, cearta na mban agus cearta pobail mhionlaigh. Ar an drochuair, tá na hacmhainní atá ar fáil i gcomhair na hoibre ag dul i laghad i gcónaí.

Ní raibh laghdú ar bith, áfach, ar an éileamh ar sheirbhísí an Choimisiuin le linn 2010. Go deimhin, méadaíodh ar an éileamh sin mar gheall ar ghéarchéim eacnamaíochta na linne. Le linn 2010, chomh maith le bheith ag déileáil leis an líon mór cásanna a bhaineann leis an ngnáthphobal, bhain an Coimisiún lánúsáid as ár gcumhachtaí dlí chun ról *amicus curiae* a imirt le linn cásanna tábhachtacha sna cúirteanna uachtaracha.

Bhaineamar feidhm arís as na cumhachtaí fiosrúcháin atá againn chun tuarascáil chuimsitheach a chur ar fáil i dtaobh ionaid a sholáthraíonn seirbhísi do dhaoine faoi mhíchumas intleachta. Bíodh is gur dhíríomar ar ionad faoi leith, tá tabhacht náisiúnta le tátal na tuarascála.

Tá cur síos sa tuarascáil seo ar obair thábhachtach a rinneadh i dtaca le feidhmeanna taighde, beartais agus cothaithe feasachta an Choimisiúin. D'éirigh linn an fheidhm dheireanach sin a chur ar aghaidh go mór le linn 2010. Seoladh tionscadal fíorthábhachtach oideachais i dtaobh chearta an duine agus cuireadh oiliúint ar fáil do státsheirbhísigh agus do sheirbhísigh phoiblí. Bíonn cosaint chearta an duine in Éirinn ag brath ar státsheirbhísigh agus ar sheirbhísigh phoiblí, agus táimid ag tnúth le bheith ag obair i bpáirt leo sa tionscadal spreagúil seo.

Tá dualgas ar gach comhlacht poiblí, an Coimisiún seo san áireamh, luach ar airgead a fháil. Rinneadh ciorruithe móra ar ár mbuiséad, mar a tuairiscíodh go forleathan. Bíonn tionchar ag an gcosc ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí ar chomhlachtaí beaga mar an Coimisiún – tionchar níos mó ná mar a bheadh ar chomhlachtaí eile. Mar sin féin, bhí an Coimisiún chun tosaigh i measc eagraíochtaí na seirbhíse poiblí sna bearta nuálaíocha a cheapamar chun dul i ngleic le dúshláin airgeadais sa ghearrthréimhse. D'aimsíomar cúntóirí dlí a chabhraíonn linn ar bhonn *pro-bono*, chruthaíomar clár intéirneachta/socrúcháin i gcomhair oibrithe deonacha agus fuaireamar tacaíocht dhaonchairdiúil atá fíorluachmhar. Ní leor sin, áfach, in éagmais thacaíocht leordhóthanach an Stáit.

Bhí tionchar idirnáisiúnta nach beag ag an gCoimisiún sa bhliain 2010, go háirithe ina ról mar Chathaoirleach ar an nGrúpa Eorpach d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine, ról atá á imirt againn ó 2006 i leith. Tá lánstádas "A" ag an gCoimisiún faoi bhun 'Phrionsabail Pháras' de chuid na Náisiún Aontaithe. Is ionann sin agus a rá go n-aithnítear go gcomhlíonann an Coimisiúin lárchritéir an neamhspleáchais agus na buninniúlachta a luaitear sna Prionsabail a bheith riachtanach ag gach institiúid náisiúnta um chearta an duine.

Agus Tuarascáil Bhliantúil na bliana seo á chur i láthair, is fiú cuimhneamh ar Phrionsabail Pháras – atá tugtha in aguisín leis an tuarascáil seo. Is córas luachanna iad ba chóir a bheith mar dhúshraith, mar threoir agus mar thacaíocht do gach institiúid náisiúnta um chearta an duine. Faoi mar atá ráite againn arís agus arís eile, tá na prionsabail sin ag brath ar neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus saoirse chun breathnú ar raon leathan saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine.

Is léir go bhféadfaí gné sin an neamhspleáchais a shoiléiriú agus a fheabhsú dá ndéanfaí athrú atá á lorg ag an gCoimisiún le fada, is é sin an Coimisiún a dhéanamh freagrach don Oireachtas seachas a bheith freagrach do Roinn Rialtais mar atá faoi láthair.

Thiocfadh tionchar an Choimisiúin a mhéadú dá gceapfadh an Rialtas meicníocht a chinnteodh go ndéanfaí ár gcuid moltaí go léir a mheas go cuimsitheach. Mar sin de, táimid ag iarraidh go dtionscófaí meamram comh-aireachta chun go gcaithfeadh meas a dhéanamh ar gach moladh a dhéanann an Coimisiún agus go bhfreagródh an Roinn nó an ghníomhaireacht Rialtais ábhartha gach moladh moladh acu. Léireodh a leithéid de bheart tiomantas an Stáit i leith chearta an duine agus obair an Choimisiúin.

De réir mar atá seal na gCoimisinéirí reatha ag teacht chun deiridh is féidir go mbeidh an Rialtas ag smaoineamh ar struchtúr an Choimisiúin a athchóiriú. Má tá socruithe nua le bheith ann, ba chóir go gcuirfidís le neamhspleáchas an Choimisiúin. Ceann de na ceachtaí ba thábhachtaí a d'fhoghlaimíomar sa tír seo le blianta beaga anuas ná go dteastaíonn iniúchadh neamhspleách ar ról an stáit. Ní hamháin gur rud folláin é sin; is amhlaidh atá rath na hÉireann ag brath air. Bhí dea-theist riamh ar an gCoimisiún sa mhéid sin agus leanfaidh sé ag déanamh iniúchadh fuinniúil neamhchlaonta ar ghníomhaíochtaí stáit sna blianta amach romhainn, is cuma cén leagan amach a bheidh air.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas ó chroí le mo chomh-Choimisinéirí, lenár bPríomhfheidhmeannach, leis an bhfoireann, leis na hintéirnigh agus leis na hoibrithe a chaith tréimhse shocrúcháin linn as an anailís iontaofa neamhchlaonta a chuir sibh ar fáil le linn na bliana.

Is mian liom freisin tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin um Chearta an Duine in Éirinn a mholadh.

An Dr Maurice Manning
Uachtarán

0. Réamhrá

Bliain dhúshlánach eile don Choimisún um Chearta an Dhuine in Éirinn (an Coimisiún) a bhí sa bhliain 2010. Rinneadh tuilleadh ciorruithe ar ár mbuiséad anuas ar na ciorruithe móra a bhí déanta cheana. Ba é ár ndícheall é an Coimisiún a choinneáil i mbun oibre. Cé gur cheart aird a dhíriú ar na dúshláin sin, tá neart curtha i gcrích ag an gCoimisiún i mbliana agus déantar sin a cheiliúradh i dtuarascáil na bliana seo.

Tugann an tuarascáil deis dúinn taifead a choinneáil ar an dul chun cinn atá déanta i raon leathan ábhar a bhaineann le cearta an duine, de réir shainordú reachtúil an Choimisiúin. Ba iad foireann dhícheallach an Choimisiúin agus na Coimisinéirí féin a d'éascaigh agus a spreag an dul chun cinn sin, agus is cóir iad a lua i dtosach. In ainneoin an bhrú a bhaineann le cúrsaí geilleagair faoi láthair, bhí siad dírithe ar obair d'ardchaighdeán a chur ar fáil, obair iontaofa mharthanach a dhéantar faoi threoir Phlean Straitéiseach an Choimisiúin (2007-2011).
I measc na bpríomhphointí a bhí in obair an Choimisiúin i mbliana ó thaobh taighde, beartais agus cothú feasachta de, bhí seoladh an Tionscadail Oideachais agus Oiliúna um Chearta an Duine, tionscadal a cuireadh ar bun le tacaíocht dhaonchairdiúil agus a bhfuil sé d'aidhm aige tacaíocht a thabhairt do lucht na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí. Ó thaobh obair thaighde agus bheartais de, bhí an Coimisiún ag plé le próiseas Athbhreithniú Uilíoch Tréimhsiúil na Náisiún Aontaithe, a dhéanfaidh athbhreithniú ar fheidhmíocht na hÉireann i dtaca le cearta an duine de i nDeireadh Fómhair 2011. Chomh maith leis sin, chuir an Coimisiún tuairisc faoi bhráid coiste de chuid na Náisiún Aontaithe, is é sin an Coiste um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú. Cuireadh síos ar bhearta na hÉireann maidir le hidirdhealú go dtí seo agus rinneadh anailís chuimsitheach ar dhréacht-reachtaíocht a bhfuil impleachtaí aici maidir le cearta an duine.

Ba ábhar mór sásaimh don Choimisiún léacht spreagúil le Seamus Heaney a fhoilsiú, *Writer & Righter*. Ba í Mary Robinson, iar-Uachtarán na hÉireann a bhí seal ina hArd-Choimisinéir um Chearta an Duine ag na Náisiúin Aontaithe, a sheol an foilseachán. Rinne an Coimisiún agus Dlí-Chumann na hÉireann comhdháil bhliantúil faoi chearta an duine a chomheagrú, an 8ú comhdháil dá leithéid go dtí seo. I mbliana, bhí an plé dírithe ar shaincheisteanna nua atá ag teacht chun cinn maidir le cearta an duine. Rinneadh tuairisceoireacht fhorleathan sna meáin ar obair an Choimisiúin agus chuireamar saincheisteanna a bhaineann le cearta daonna i láthair ag comhdhálacha, seimineáir agus Coistí ábhartha de cuid an Oireachtais. Athsheoladh leagan athchóirithe de shuíomh Gréasáin an Choimisiúin, ag súil le cúrsaí cumarsáide a fheabhsú. Bliain bhisúil eile a bhí ann i dtaca leis an gComhchoiste (muid féin agus Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine) agus i dtaca le cúrsaí idirnáisiúnta de. Lean an Coimisiún dá ról ceannais sa Ghrúpa Eorpach d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine.

Faoi mar a bhí sa bhliain 2009, chuaigh líon ard eagraíochtaí agus daoine i dteagmháil leis an gCoimisiún maidir le raon leathan saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine. D'fhoilsigh an Coimisiún an triú mórthuarascáil fiosrúcháin atá déanta againn go dtí seo, athbhreithniú ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas intleachta in ionad cúram lae agus faoisimh. Rinneadh an fiosrúchán ar iarratas grúpa de thuismitheoirí, de dheartháireacha agus de dheirfiúracha na ndaoine fásta a bhí ina gcónaí san ionad. Moladh athruithe córasacha beartais agus cleachtais sa tuarascáil chun an duine a chur i gcroílár seirbhísi cúraim feasta. I ndiaidh don Choimisiún iarratas a fháil ón ngrúpa *Justice for the Magdalenes*, rinneamar measúnú ar na

saincheisteanna chearta an duine a bhaineann le cás na mban a chaith seal i dtithe níocháin Mhaigdiléana. Mholamar gur chóir fiosrúchán reachtúil a bheith ann.

Leanadh den dea-chaidreamh oibre idir muid féin agus an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach le linn 2010. Ó achtaíodh Acht an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine 2003, bíonn an Coimisiún páirteach i líon seasta cásanna inar tugadh saoirse dúinn feidhmiú mar *amicus curiae* nó 'cara don chúirt'. Bhí an Coimisiún páirteach i gcúig chás le linn 2010. Bhain na cásanna sin go léir le cúrsaí chearta an duine, cuir i gcás cúnamh dlí coiriúil, cosaint sonraí, an dlí coiriúil maidir le gealtacht, cúisimh choiriúla as cionta inimirce agus cearta tithíochta.

Feictear do dhaoine áirithe go séantar deis orthu a gcuid páistí a chur go scoileanna ilchreidmheacha nó scoileanna nach mbaineann le creideamh faoi leith. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún tús le díospóireacht faoi chreideamh, oideachas agus cearta an duine le linn comhdhála a d'eagraíomar i bpáirt leis an Scoil Dlí, Coláiste na Tríonóide i mí na Samhna. Chuir an Coimisiún plécháipéis ar fáil freisin, agus chuaigh i mbun comhairliúcháin phoiblí faoin gceist.

Sin agaibh, mar sin, cuid de phríomhimeachtaí na bliana, ach níl ann ach méid bheag den obair a chuir an Coimisiún i gcrích sa tréimhse chruógach sin. Murach cruthaitheacht agus nuálaíocht fhoireann an Choimisiúin, ní fhéadfaí a oiread sin a chur i gcrích i ndiaidh dúinn an tríú cuid dár gcistiú a chailleadh le linn 2010.

Ní dea-chuma ar bith a bhí ar chúrsaí airgeadais an Choimisiúin le linn 2010. Laghdaíodh an chabhair dheontais faoi 32% sa bhliain 2009. €1,596,000 a bhí fágtha ansin. Tháinig laghdú eile sa bhliain 2010 – go €1,523,000. Méadaíonn sin go mór ar dheacrachtaí an Choimisiúin. Rinneamar ár seacht ndícheall chun airgead a choigilt i ngach gné dár gcuid oibre agus seo an tríú bliain dúinn ag feidhmiú ar bhuiséad an-teoranta ar fad. Chuir an Coimisiún a chuid oibre in oiriúint do staid an gheilleagair inniu, ach ní mór cuid dár gcroímhaoiniú a thabhairt ar ais.

Is ábhar imní don Choimisiún tionchar an choisc ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí. Ní féidir folúntais a líonadh fad is a bheidh an cosc i bhfeidhm. D'fhéadfadh sin tionchar níos troime a bheith aige ar na comhlachtaí beaga poiblí – amhail an Coimisiún – ná ar dhreamanna eile. D'imigh cuid de chroífhoireann an Choimisiúin ó cuireadh an cosc i bhfeidhm. D'fhéadfaí go gcuirfí isteach go tubaisteach ar obair an Choimisiúin de réir mar a imeoidh baill eile foirne amach anseo.

Mar fhocal scoir, is mian liom, ag deireadh mo thríú bliain i bpost an Phríomhfheidhmeannaigh, an tUachtarán, na Coimisinéirí agus an fhoireann a mholadh as a ndúthracht agus a ndíograis leanúnach anois in am an ghátair. Is moladh ann féin cé chomh fairsing, ilchineálach is atá gníomhaíochtaí an Choimisiúin i ngach gné dá cuspóirí straitéiseacha, faoi mar a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo.



Éamonn Mac Aodha
Príomhfheidhmeannach

1. Ról agus Feidhmeanna

Comhlacht reachtúil neamhspleách atá sa Choimisiún um Chearta an Duine in Éirinn (an Coimisiún). Bunaíodh é chun cearta an duine in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn. Bunaíodh é de bhun Chomhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta. Tá comhdhéanamh, feidhmeanna agus cumhachtaí an Choimisiúin leagtha amach in Achtanna an Choimisiún um Chearta an Duine 2000 agus 2001. De réir na nAchtanna sin, tá dualgas reachtúil ar an gCoimisiún a chinntiú go ndéanfar cearta gach duine in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn, cearta a dhíorthaíonn ón mBunreacht agus ó na conarthaí idirnáisiúnta a bhfuil Éire ina páirtí iontu, idir dhlí, bheartas agus chleachtas.

Is iad croífheidhmeanna an Choimisiúin ná moltaí agus tuairimí a chur ar fáil maidir leis na himpleachtaí do chearta an duine a bhaineann le croícheisteanna reachtúla agus beartais, monatóireacht a dhéanamh ar conas a chomhlíontar caighdeáin idirnáisiúnta agus Bhunreachtúla maidir le cearta an duine de, feasacht ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta an duine a chur chun cinn mar aon le hoideachas agus oiliúint i gcearta an duine, fiosrúcháin a dhéanamh maidir le saincheisteanna chearta an duine agus gníomhú mar *amicus curiae* (nó 'cara don chúirt') i láthair cúirteanna i gcásanna aonair.

Is iad sainfheidhmeanna an Choimisiúin, mar atá siad leagtha amach in Acht an Choimisiúin um Chearta an Duine 2000, ná:

- Dóthanacht agus éifeachtacht an dlí agus an chleachtais a bhaineann le cosaint chearta an duine sa Stát a choinneáil faoi athbhreithniú;
- Scrúdú a dhéanamh ar aon mholadh reachtúil, má éilíonn Aire Rialtais é, agus a thuairimí a chur in iúl faoi impleachtaí ar bith a bheadh ag a leithéid de mholadh ar chearta an duine;
- Dul i gcomhairle le comhlachtaí nó gníomhaireachtaí idirnáisiúnta nó náisiúnta a bhfuil eolas nó saineolas acu i réimse chearta an duine de réir mar a thograíonn sé;
- Moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais, as a chonlán féin nó ar éileamh ón Rialtas, de réir mar is cuí, maidir le céimeanna a mheasann an Coimisiún ar cheart tabhairt fúthu chun cearta daonna a threisiú, a chosaint agus a chothú sa Stát;
- Tuiscint agus feasacht faoi thábhacht chearta an duine sa Stát a chothú agus, chun na críche sin, tabhairt faoi thaighde agus faoi ghníomhaíochtaí oideachais, nó a leithéid a urrú nó a choimisiúniú nó cúnamh airgeadais nó eile a chur ar fáil dóibh;
- Fiosrúcháin a chur sa siúl;
- Tuairiscí a ullmhú agus a fhoilsiú, ar aon bhealach a thograíonn sé, maidir le taighde a rinneadh, a urraíodh, a coimisiúnaíodh nó ar tugadh cúnamh dó nó maidir le fiosrúcháin;

- Iarratas a dhéanamh don Ard-Chúirt nó don Chúirt Uachtarach ag lorg saoirse teacht i láthair na hArd-Chúirte nó na Cúirte Uachtaraí, de réir mar a bhaineann le hábhar, chun feidhmiú mar *amicus curiae* in imeachtaí atá os comhair na cúirte agus a bhaineann le cearta an duine agus feidhmiú mar *amicus curiae* i gcás go gceadófaí sin;

- Dul i mbun aon ghníomhaíochta atá riachtanach chun comhchoiste ionadaithe a bhunú agus a bheith rannpháirteach ann, mar atá luaite in alt 10 den mhír dar teideal 'Cearta, Cosaintí agus Comhionannas Deiseanna' den Chomhaontú ar Thángthas air sna Cainteanna Ilpháirtí(Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta 1998);

- Cúnamh a thabhairt do dhaoine i dtaca le himeachtaí dlíthiúla a bhaineann le dlí nó le cleachtas maidir le cosaint chearta an duine;

- Imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh chun cearta duine nó aicme daoine a dhearbhú.

Díorthaíonn ról agus feidhmeanna an Choimisiúin ó chaighdeáin idirnáisiúnta d'institiúidí náisiúnta i dtaca le cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn: Na Prionsabail Maidir le le Stádas agus Feidhmiú Institiúidí Náisiúnta do Chosaint agus do Chur Chun Cinn Chearta an Duine ('Prionsabail Pháras') de chuid na Náisiún Aontaithe. Is é an Coimisiún atá ina Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine in Éirinn, agus tá a chumhachtaí agus a dhualgais ag teacht go hiomlán le Prionsabail Pháras. Is é a dhéanann Prionsabail Pháras ná ról, comhdhéanamh, stádas agus feidhmeanna gach Institiúide Náisiúnta um Chearta an Duine a leagan amach. Thacaigh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe le Prionsabail Pháras i mí na Nollaig 1993. Ó tharla gurb é an Coimisiún seo an Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine in Éirinn, tá sainordú neamspleách agus seasamh idirnáisiúnta aige chun tiomantas na hÉireann i leith chearta an duine go hidirnáisiúnta a léiriú. Tá a leithéid d'Institiúid Náisiúnta ar an bhfód i níos mó ná 70 tír ar fud an domhain, agus tá tuilleadh á mbunú gach bliain. Ó Mheán Fómhair 2006, tá an Coimisiún ina Chathaoirleach ar an nGrúpa Eorpach d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine, agus ina chomhalta de bhiúró Choimisiún Comhordúcháin Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine.

2. An Coimisiún

Tá Uachtarán agus 14 ball eile ag an gCoimisiún. Is é an Rialtas a cheapann iad go léir. De réir na reachtaíochta faoinar bunaíodh an Coimisiún, beidh líon nach lú ná seachtar ball ann ar mná iad agus líon nach lú ná seachtar ball ar fir iad.

Is iad seo a leanas baill an Choimisiúin:

- An Dr Maurice Manning (Uachtarán)
- An tOllamh William Binchy
- An tUasal Olive Braiden
- An tUasal Conleth Bradley
- An Dr Rosemary Byrne
- An tOllamh Robert Daly
- An tUasal Suzanne Egan
- An tUasal Michael Farrell
- An tUasal Alice Leahy
- An tUasal Lia O'Hegarty
- An tUasal Tom O'Higgins
- An tOllamh Helen O'Neill
- An tOllamh Gerard Quinn
- An tUasal Roger Sweetman
- An Dr Katherine Zappone

Tá beathaisnéisí gairide na gCoimisinéirí tugtha in Aguisín 1.

Tagann an Coimisiún le chéile i seisiún iomlánach timpeall uair sa mhí. In 2009, tháinig an Coimsiún le chéile i seisiúin iomlánacha 11 uair. Tagann Coimisinéirí le chéile i gcoistí ó am go ham chun cabhrú le hobair an Choimisiúin i réimsí faoi leith a fhorbairt. Bíonn Coistí ag tuairisciú leis na cruinnithe iomlánacha.

Ba iad na Coistí a bhí ann sa bhliain 2010:

1. An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Críocha Ginearálta;
2. An Coiste Ceartais;
3. An Coiste Cásoibre;
4. An Coiste Feasachta agus Oideachais
5. An Coiste um Chiníochas, Gáinneáil & Imirce

Mínítear ballraíocht agus téarmaí tagartha gach ceann de na Coistí in Aguisín 2.

a. Dara Plean Straitéiseach an Choimisiúin 2007-2011

Ba í 2010 an ceathrú bliain iomlán den dara Plean Straitéiseach de chuid an Choimisiúin le haghaidh na tréimhse 2007-2011 i.e. *Cearta an Duine a Chur Chun Cinn agus a Chosaint in Éirinn*. Tá an Plean Straitéiseach á chur i ngníomh ar an tuiscint gurb é dualgas an Choimisiúin deimhin a dhéanamh de go ndéantar cearta gach duine in Éirinn a chur chun cinn agus a chosaint ó thaobh dlí, beartais agus cleachtais de, lena n-áirítear na cearta sin a ghealltar i mBunreacht na hÉireann agus sna conarthaí agus sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a bhfuil Éire ina páirtí iontu.

Is iad seo a leanas spriocanna straitéiseacha an Choimisiúin don tréimhse 2007-2011:

1. Cultúr agus eiteas a léiríonn meas ar chearta an duine i sochaí na hÉireann a chur chun cinn.

2. Lárnacht chearta an duine a chur chun cinn i gceapadh agus i riar an dlí, beartas poiblí agus ceartas.

3. Oibriú i gcomhpháirt le Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine chun cearta an duine a chur chun cinn ar oileán na hÉireann.

4. Sochaí a chur chun cinn a bhfuil luach aici ar éagsúlacht agus meas ar chearta an duine.

5. Measúnú a dhéanamh ar dhúshláin do chearta an duine atá ag teacht chun cinn agus teacht rompu sin.

6. Cumas eagrúcháin an Choimisiúin a threisiú d'fhonn a shainordú a chur i gcrích.

Ba i bhfianaise na spriocanna a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach a d'fheidhmigh an Coimisiún sa bhliain 2010.

b. Struchtúr Feidhmiúcháin an Choimisiúin

Tá feidhmeannas an Choimisiúin roinnte in dhá rannóg, agus Stiúrthóir i gceannas ar gach ceann acu. Is iad an dá Rannóg sin, an Rannóg Taighde, Beartais agus Poiblíochta agus an Rannóg Fiosrúchán, Seirbhísí Dlí agus Riaracháin.

Tá an Rannóg Taighde, Beartais agus Poiblíochta freagrach as sainordú an Choimisiúin sna réimsí seo: athbhreithniú reachtúil, 'scáth-tuairisciú' chuig comhlachtaí na gconarthaí idirnáisiúnta, taighde, beartas, oideachas ar chearta an duine, feasacht, for-rochtain, obair sna meáin chumarsáide agus obair idirnáisiúnta.
Tá an Rannóg Fiosrúchán, Seirbhísí Dlí agus Riaracháin freagrach as déileáil le gearáin aonair, fiosrúcháin a dhéanamh, cúnamh dlíthiúil a sholáthar, imeachtaí a thionscnamh chun cearta daoine aonair a sheasamh sa Stát, agus feidhmiú mar *amicus curiae* (nó 'cara don chúirt') i gcásanna cuí atá os comhair na n-Uas-Chúirteanna agus a bhaineann le saincheisteanna chearta an duine. Sa Rannóg sin atá feidhmeanna riaracháin an Choimisiúin freisin, lena n-áirítear airgeadas, acmhainní daonna agus riarachán.

3. Taighde, Beartas agus Poiblíocht

a. Taighde agus Beartas

Tá feidhmeanna an Choimisiúin i dtaca le taighde, beartas, athbhreithniú dlíthiúil, feasacht agus oideachas leagtha amach in alt 8 d'Acht an Choimisiúin um Chearta an Duine 2000. Mar seo iad:

- dóthanacht agus éifeachtacht an dlí agus an cleachtas maidir le cosaint chearta an duine sa Stát a choinneáil faoi athbhreithniú;

- scrúdú a dhéanamh ar aon mholadh reachtúil, ar éileamh ó Aire Rialtais, agus a thuairimí a chur in iúl faoi aon impleachtaí a bheadh ag a leithéid de mholadh ar chearta an duine;

- dul i gcomhairle le comhlachtaí nó gníomhaireachtaí idirnáisiúnta nó náisiúnta a bhfuil eolas nó saineolas acu i réimse chearta an duine faoi mar a thograíonn sé;

- moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais as a chonlán féin nó ar éileamh ón Rialtas, de réir mar is cuí, maidir le céimeanna a mheasann an Coimisiún ar cheart tabhairt fúthu chun cearta an duine a threisiú, a chosaint agus a chothú sa Stát;

- dul i mbun cibé gníomhaíochta is gá chun comhchoiste ionadaithe ón gCoimisiún agus ó Choimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine a bhunú agus a bheith rannpháirteach ann.

Breithniú ar Reachtaíocht

An Bille um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA) 2010

I mí an Mhárta, d'fhoilsigh an Coimisiún a chuid breithnithe maidir leis an mBille um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA) 2010. D'iarr an Coimisiún go mbeadh cosaint níos láidre ann ar chearta na ndaoine a mbeidh tionchar ag forálacha an Bhille sin orthu.

Ba é aidhm an Bhille ná Bunachar Sonraí DNA a chruthú ina gcoinneofaí próifílí DNA le haghaidh a n-úsáide i bhfiosrúcháin choiriúla. D'aithin an Coimisiún go bhféadfadh an bunachar sonraí DNA a bheith ina uirlis mhaith fiosrúcháin i lámha an Gharda Síochána. Bíodh sin mar atá, mheas an Coimisiún go bhfuil impleachtaí ag an mBille maidir le caighdeáin chearta an duine, go háirithe cearta príobháideachta. Moladh gur cheart ráthaíochtaí daingne a bheith sa reachtaíocht i dtaca le samplaí agus próifílí DNA a ghlacadh, a choinneáil, a stóráil agus a scrios. Moladh freisin gur chóir feidhm an Bhunachair Sonraí DNA a shrianadh chun nach bhféadfaí é a úsáid ach chun coireanna a fhiosrú.

Maidir le samplaí DNA a ghlacadh, léirigh an Coimisiún nach raibh aon mhaoirseacht bhreithiúnach ann i gcás samplaí a ghlacfaí ó dhaoine a bhfuil tréimhse phríosúntachta caite acu. Tá cúinsí áirithe ann, cé nach líonmhar iad, ina gcaithfí DNA a ghlacadh ó dhaoine a daoradh as coir ábhartha éigin agus a chaith a dtréimhse phianbhreithe dá réir sin. Ina leithéid sin de chás, ba chóir go mbeadh iallach ar an nGarda Síochána iarratas a chur faoi bhráid breithimh den Chúirt Dúiche agus go dtoileodh an breitheamh sin go dteastaíonn an sampla DNA chun coir faoi leith a fhiosrú.

I gcás daoine nár daoradh as coir, mhol an Coimisiún go mbainfí a gcuid samplaí agus próifílí DNA as an mbunachar agus go scriosfaí iad chomh luath agus is féidir tar éis dheireadh na n-imeachtaí dlí. Caithfidh an Stát a chruthú gur riachtanach agus gur réasúnta próifíl DNA an duine a choinneáil.

I ndiaidh dúinn na pointí seo a fhoilsiú, d'iarr an Coimisiún deis cur i láthair a dhéanamh ag an gComhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan. Chuaigh toscaireacht an Choimisiúin i láthair an Choiste 28 Aibreán agus mhínigh moltaí an Choimisiúin. D'éirigh go maith leis an gcur i láthair agus rinneadh an t-ábhar a phlé agus a chaibidil.

An Bille um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2010

I mí na Bealtaine, sheol an Coimisiún a chuid breithnithe maidir leis an mBille um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2010 go dtí an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Chuir an Coimisiún fáilte roimh Bhille na bliana 2010 ós deis thábhachtach atá ann chun dlí na hÉireann a chur i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta i gcearta an duine faoi mar a mhaítear sa Bhille féin. Féachann an Bille um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2010 le leasú a dhéanamh ar fhorálacha áirithe de chuid an Bhille um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006. De réir na bhforálacha sin, is féidir daoine a choimeád a bhfuil easláinte mheabhrach orthu agus a mheastar a bheith neamhoiriúnach le cur ar a dtriail nó a fhaightear neamhchiontach mar gheall ar ghealtacht.

Dhírigh an Coimisiún aird ar shaincheist amháin a bhaineann leis na bearta atá riachtanach chun a chinntiú go mbeifear in ann an reachtaíocht a chur i bhfeidhm agus chun go gcomhlíonfaidh Éire a cuid dualgais idirnáisiúnta maidir le cearta an duine. Mhol an Coimisiún go gcuirfí acmhainní dóthanacha ar fáil le haghaidh cóireáil othar seachtrach sa phobal nó le haghaidh na maoirseachta a theastaíonn nuair a dhéantar othar a scaoileadh amach faoi choinníoll. Ba chóir go mbeadh na coinníollacha a bhaineann leis an scaoileadh sin réasúnta agus i gcomhréir le cúinsí an cháis trí chéile.

Ag Maoirsiú Oibleagáidí Idirnáisiúnta na hÉireann um Chearta an Duine

Tuarascáil an Choimisiúin chuig Coiste na Náisiún Aontaithe um Idirdhealú Cinioch a Dhíothú

Ar 10 Nollaig, Lá Chearta an Duine, d'fhoilsigh an Coimisiún an tuarascáil a chuir sé faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe um Idirdhealú Cinioch a Dhíothú. Ba é ábhar na tuarascála ná conas atá ag éirí le hÉirinn an coinbhinsiún sin a chur i bhfeidhm. D'iarr an

Coimisiún ar an Rialtas cosaint níos fearr a dhéanamh ar chearta lucht iarrtha tearmainn, ar an Lucht Taistil, ar oibrithe imirceacha agus a dteaghlaigh agus ar dhaoine a ndearnadh iad a gháinneáil.

Léirigh an Coimisiún an méid seo: ón uair dheireanach a chuir Éire tuairisc faoi bhráid an Choiste, gur lagaigh nó gur dhíbhunaigh an Rialtas an bonneagar comhionannais agus chearta an duine a ceapadh chun an ilchultúrthacht a chur chun cinn agus chun an ciníochas a throid. Dheimhnigh an Coimisiún go bhfuil sé lánriachtanach na hacmhainní a theastaíonn chun an obair sin a dhéanamh a thabhairt ar ais. Tá gá le comhlachtaí éifeachtacha a bhíonn ag plé le cearta an duine agus le comhionannas, a dhéanfadh monatóireacht ar an idrdhealú ciníoch agus a chuirfeadh ina éadan.

Bhí sé leathanach caoga sa tuarascáil, ina raibh moltaí i dtaca leis an mBonneagar Comhionannais agus Chearta an Duine; Scoileanna Ilchreidmeacha agus Scoileanna Neamh-shainchreidmheacha; an Lucht Taistil; Lucht Iarrtha Tearmainn agus an Imirce; Nósanna agus Cleachtais Slándála ar Theacht Isteach sa Stát; Oibrithe Imirceacha; Gáinneáil Daoine; Mionaoisigh gan Tionlacan agus páistí dealaithe.

Bhí imscrúdú le déanamh, i mí Feabhra 2011, ar Rialtas na hÉireann agus ar a chuid iarrachtaí maidir le ciníochas agus idirdhealú ciníoch a throid. Is cuid de mheasúnú an Choimisiúin ar fheidhmíocht na hÉireann go dtí seo an tuarascáil a cuireadh faoi bhráid an Choiste.

An Tionscadal UPR – Athbhreithniú Uilíoch Tréimhsiúil

I nDeireadh Fómhair 2011, déanfar feidhmíocht na hÉireann i dtaca le cearta an duine de a imscrúdú den chéad uair de réir próisis nua de chuid na Náisiún Aontaithe, is é an tAthbhreithniú Uilíoch Tréimhsiúil (an tAthbhreithniú). I nDeireadh Fómhair 2010, le cabhair dhaonchairdiúil, sheol an Coimisiún a thionscadal féin faoin Athbhreithniú Uilíoch Tréimhsiúil *'Have Your Say on Ireland's Human Rights Record'.*

Cad é atá san Athbhreithniú?

Is é aidhm an Athbhreithnithe feabhas a chur ar chúrsaí chearta an duine i ngach ballstát de chuid an AE trí phróiseas a bhunú ina ndéanfaidh rialtas amháin measúnú ar fheidhmíocht rialtas eile i dtaca le cearta an duine de. Tabharfaidh an próiseas Athbhreithnithe deis d'Éirinn a mhíniú cén dul chun cinn atá á dhéanamh aici maidir le cearta an duine agus cur síos ar bhearta ar bith atá le déanamh chun cúrsaí a fheabhsú agus a hoibleagáidií idirnáisiúnta i dtaca le cearta an duine a chomhlíonadh. Déanfar Athbhreithiú ar gach ceann de 192 ballstát na Náisiún Aontaithe uair gach ceithre bliana. Ceapadh an próiseas chun a chinntiú go ndéanfaidh Comhairle um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe imscrúdú cothrom ar chearta an duine i ngach uile thír.

Conas a dhéanfar é?

Cuirfear an tAthbhreithniú i gcrích le linn éisteachta ag an gComhairle um Chearta an Duine sa Ghinéiv i nDeireadh Fómhair 2011. Déanfaidh Rialtas na hÉireann cur i láthair ar a fheidhmíocht maidir le cearta an duine de agus freagróidh na ceisteanna a chuirfidh ionadaithe

tíortha eile. Beidh na ceisteanna sin bunaithe ar thuarascálacha a chuirfidh Rialtas na hÉireann ar fáil, agus ar thuarascálacha de chuid na Náisiún Aontaithe agus páirtithe leasmhara in Éirinn. Tionólfar an seisiún i gceanncheathrú na Comhairle um Chearta an Duine agus mairfidh sé ar feadh trí huaire an chloig. Ina dhiaidh sin, déanfar tuarascáil a ullmhú ina mbeidh moltaí faoi pé bearta a chaithfidh Éire a dhéanamh chun feabhas a chur ar chearta an duine sa tír.

Cén pháirt atá ag an gCoimisiún ann?

Is é an Coimisiún seo a fheidhmíonn mar Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine sa tír seo. Dá bhrí sin, ullmhóidh an Coimisiún aighneacht a chuirfear le tuarascáil na bPáirtithe Leasmhara. Beidh an tuarascáil sin bunaithe ar obair an Choimisiúin féin agus ar a chomhairliúcháin le dreamanna eile sa tsochaí.

Rinne an Coimisiún an dara Comhairliúchán débhliantúil idir muid féin agus eagraíochtaí na hEarnála Deonaí agus Pobail a thabhairt suas go hiomlán do phróiseas an Athbhreithnithe, chun cabhrú linn eolas a bhailiú le haghaidh na tuarascála. Ar 26 Deireadh Fómhair a bhí an comhairliúchán ann. Bhí os cionn 30 eagraíocht neamhrialtasach ann agus mhínigh siadsan na saincheisteana lárnacha atá le himscrúdú san Athbhreithniú, dar leo. Tá comhairliúchán eile le heagraíochtaí neamhrialtasacha beartaithe le haghaidh Feabhra 2011.

Ag feidhmiú dúinn mar Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine, tá sainordú ag an gCoimisiún eolas a sholáthar faoi chearta an duine sa tír. Dá bhrí sin, chruthaigh an Coimisiún spás ar leith ar a shuíomh Gréasáin agus rinneamar ábhair eolais a fhoilsiú i dtaobh an UPR. Anuas air sin, tá sraith cruinnithe faisnéise á heagrú ag an gCoimisiún dóibh siúd ar spéis leo aighneachtaí a ullmhú. Mínítear próiseas an Athbhreithnithe le linn na gcruinnithe, tugtar eolas ar conas tuarascáil a ullmhú agus ar an bpróiseas brústocaireachta. Cuirtear teimpléad ar fáil le haghaidh aighneachtaí freisin. Tionóladh an chéad chruinniú faisnéise i dtaobh an Athbhreithnithe i mBaile Átha Cliath ar 13 Nollaig. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cruinnithe faisnéise réigiúnacha a reáchtáil ar fud na hÉireann i dtús na bliana 2011.

b. Feasacht & Oideachas

Tugann Acht an Choimisiúin um Chearta an Duine 2000 sainordú don Choimisiúin cearta an duine a chur chun cinn trína chuid feidhmeanna dlí, fiosrúcháin, taighde agus beartais. Chomh maith leis sin, foráiltear feidhm faoi leith don Choimisiún, faoi alt 8 (e) maidir le feasacht agus oideachas ar chearta daonna a chur chun cinn:

> Tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine sa Stát a chur chun cinn agus, chun na gcríoch sin, tabhairt faoi thaighde agus faoi ghníomhaíochtaí oideachasúla nó cabhair airgid nó eile a chur ar fáil dá leithéid.

Lean an Coimisiún dá chuid oibre le linn 2010 chun feasacht agus oideachas ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta an duine a chur chun cinn sna meáin, ag imeachtaí, trí thaighde agus trí fhor-rochtain i gcúrsaí poiblí.

Cothú Feasachta

Athfhorbairt Shuíomh Gréasáin an Choimisiúin

Tá suíomh Gréasáin an Choimisiúin ina uirlis thábhachtach chumarsáide chun eolas a sholáthar i dtaobh chearta an duine agus obair an Choimisiúin. Sa bhliain 2010, rinne an Coimisiún athfhorbairt iomlán ar an suíomh chun é a dhéanamh nua-aimseartha, inrochtana agus oiriúnach do na sprioc-úsáideoirí. Ba í Mary White, T.D, Aire Stáit Comhionannais, Lánpháirtithe agus Chearta an Duine, a rinne an suíomh a sheoladh go hoifigiúil i mí an Mheithimh. Ón uair sin go deireadh na bliana, taifeadadh an-chuid cuairteanna ar an suíomh laistigh d'Éirinn agus ar fud an domhain.

I nDeireadh Fómhair, rinneadh sraith grianghraf a thógáil le haghaidh shuíomh an Choimisiúin. Tá an Coimisiún buíoch d'ionadaithe na n-eagraíochtaí pobail agus na n-eagraíochtaí deonacha a bhí toilteanach grianghraif díobh a úsáid ar an suíomh Gréasáin.

Cumarsáid agus Cúrsaí Poiblí

De thoradh obair an Choimisiúin sna meáin chumarsáide, rinneadh clúdach leanúnach ó mhí go mí ar shaincheisteanna a baineann le cearta an duine. Ar na saincheisteanna ba mhó a poiblíodh bhí tuarascáil an tríú fiosrúchán a rinne an Coimisiún ar chúram daoine atá mhíchumas intleachta, idir throm agus domhain; measúnú an Choimisiúin ar na Tithe Níocháin Mhaigdiléana; a chuid breithnithe reachtúla i dtaobh an Bhille um Shampláil agus Fianaise Dhlí-eolaíoch 2009; comhdháil an Choimisiúin maidir le Reiligiún agus an tOideachas agus seoladh Thuarascáil an Choimisiúin chuig Coiste na Náisiún Aontaithe um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú.

Ba iad na príomhimeachtaí, ó thaobh cúrsaí poiblí de, ná cur i láthair an Choimisiúin ag an gComhchoiste Oireachtais um Cheartas, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan, ócáid inar díríodh aird ar bhreithnithe reachtúla an Choimisiúin faoin mBille um Cheartas Coiriúil (Sampláil agus Fianaise Dhlí-Eolaíochta) 2009.

Imeachtaí

Seoladh Thuarascáil an 3ú Fiosrúchán

I mí an Mhárta, sheol an Coimisiún Tuarascáil an 3ú Fiosrúchán ar chás roinnt daoine fásta a bhí in Ionad Eoin Pól, Gaillimh agus a bhí faoi mhíchumas intleachta, idir throm agus domhain. In oifigí an Choimisiúin a seoladh an Tuarascáil agus bhí teaghlaigh úsáideoirí agus áitritheoirí Ionad Eoin Pól i láthair, chomh maith le hionadaithe Bhráithre na Carthanachta (atá i gceannas an Ionaid) agus ionadaithe ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Réigiún an Iarthair. Bhí ionadaithe i láthair freisin ó eagraíochtaí a bhíonn ag plé le cearta lucht míchumais.

Tar éis na hócáide seo, chuir an Coimisiún litir chuig an gComhchoiste Oireachtais um Shláinte agus Leanaí ag iarraidh deis chun a bhfuil sa Tuarascáil a chur i láthair bhaill an Choiste. Bhíothas ag súil go ndéanfadh an Coimisiún cur i láthair don Choiste in 2011.

Seoladh *Writer* & *Righter* le Seamus Heaney

Ba í Máire Mhic Róibín, iar-Uachtarán na hÉireann agus iar-Ard-Choimisinéir um Chearta an Duine ag na Náisiún Aontaithe, a sheol *Writer & Righter* le Seamus Heaney ag ócáid a d'óstaigh Emer Costello, Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath i dTeach an Ard-Mhéara i mí an Mheithimh. Is é atá in *Writer & Righter* ná téacs an aithisc chorraithigh a thug Seamus Heaney ag an Léacht Bliantúil um Chearta an Duine a d'eagraigh an Coimisiún ar 9 Nollaig 2009, an lá roimh Lá Idirnáisiúnta Chearta an Duine. Ag deireadh na bliana, rinne Dlí-Chumann na hÉireann tairiscint fhial – íoc as an bhfoilseachán a athchló agus a dháileadh ar a chuid ball sa bhliain 2011.

Seoladh Thuarascáil Bhliantúil 2009

I mí Lúnasa, sheol an Coimisiún Tuarascáil Bhliantúil 2009 ina chuid oifigí i dTeach Jervis. Orthu sin a bhí i láthair bhí Mary White TD, An tAire Stáit Comhionannais, Lánpháirtithe agus Chearta an Duine, ionadaithe ó raon leathan eagraíochtaí de chuid na hearnála reachtúla, na hearnála pobail agus na hearnála deonaí, baill den Chór Taidhleoireachta agus lucht dlí.

An 8ú Comhdháil Bhliantúil um Chearta an Duine i bpáirt le Dlí-Chumann na hÉireann

Ar 20 Samhain, d'eagraigh an Coimisiún agus Dlí-Chumann na hÉireann an 8ú Comhdháil Bhliantúil. I mbliana, díríodh ar shaincheisteanna nua atá ag teacht chun cinn ó thaobh chearta an duine de. Is iomaí ceist a pléadh, lena n-áirítear cosaint sonraí, imirce agus gáinneáil, cearta na leisbiach, daoine aeracha, daoine déghnéasacha agus trasinscneacha. Pléadh cúrsaí gnó agus comhshaoil i gcomhthéacs chearta an duine freisin.

Ba é an príomhchainteoir ná an tOllamh Michael O'Flaherty, ball de Choiste um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe. Ba í Mary White T.D., an tAire Stáit Comhionannais, Lánpháirtithe agus Chearta an Duine, a d'oscail an Chomhdháil. I measc na ndaoine a labhair le cruinnithe iomlánacha bhí an Dr Lydia Foy; an Dr Katherine Zappone, atá ina Coimisinéir de chuid an Choimisiúin seo; Barbara Nolan, atá ina Stiúrthóir ar Ionad an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn agus Dearbhail McDonald atá ina hEagarthóir Dlí leis an *Irish Independent*.

Ghlac breis agus 200 duine páirt sa Chomhdháil.

Seoladh Measúnú Chearta an Duine ar na Tithe Níocháin Mhaigdiléana

I mí na Samhna, d'fhoilsigh agus sheol an Coimisiún measúnú ag éileamh ar an Rialtas Fiosrúchán Reachtúil a bhunú faoi chás na mban agus na gcailíní a chaith seal sna 'Tithe Níocháin Mhaigdiléana', mar a thugtar orthu, agus cúiteamh a chur ar fáil dóibh siúd a mhaireann de réir mar is cuí (féach leathanach 33 thíos). Orthu siúd a bhí i láthair nuair a seoladh an tuarascáil bhí ionadaithe ó na meáin chumarsáide, ón ngrúpa *Justice for Magdalenes* (a d'iarr ar an gCoimisiún fiosrúchán a dhéanamh) agus roinnt ball de Thithe an Oireachtais. Rinneadh an seoladh a thuairisciú go forleathan sna meáin. D'iarr an Coimisiún cead teacht i láthair Choiste an Oireachtais um Cheartas, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan agus cur i láthair a dhéanamh faoina bhfuil sa Tuarascáil.

Lá Chearta an Duine

Tugadh ómós ar Lá Chearta an Duine 2010 dóibh siúd a chosnaíonn cearta an duine agus a bhíonn ag saothrú chun deireadh a chur le leatrom. Ar an lá seo a d'fhoilsigh an Coimisiún an

Tuarascáil a chuireamar faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú. Éilítear sa Tuarascáil sin go ndéanfaidh an Rialtas cosaint níos fearr ar chearta lucht iarrtha tearmainn, ar chearta daoine den Lucht Taistil, ar chearta oibrithe imirceacha agus a dteaghlaigh agus ar chearta na ndaoine a ndéantar gáinneáil orthu. Clúdaíodh ábhar na tuarascála go forleathan sna meáin chumarsáide.

Comhairliúcháin le hEagraíochtaí san Earnáil Phobail agus Earnáil Dheonach

In 2010, bhunaigh an Coimisiún dialóg ar bhonn níos foirmiúla le heagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil dheonach. Is é an chaoi a ndearnadh sin ná cruinnithe comhairliúcháin a bheith againn dhá uair in aghaidh na bliana, in Aibreán agus i nDeireadh Fómhair faoi seach. I gcás an chéad chuinnithe, lorgaíodh aighneachtaí ar raon leathan ceisteanna agus bhí plé ginearálta ann le heagraíochtaí na sochaí sibhialta. Bhí an dara cruinniú dírithe ar an Athbhreithniú Uilíoch Tréimhsiúil agus próiseas comhairliúcháin an Choimisiúin ina leith. Bhí sciar maith ionadaithe ó eagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí deonacha i láthair ar an dá chruinniú agus bhí malartú maith eolais ina measc.

Oideachas ar Chearta an Duine

Cuid lárnach d'fheidhmeanna an Choimisiúin is ea oideachas i dtaobh chearta an duine. Is léiriú ar a thábhachtaí is atá an fheidhm sin an obair a dhéantar sna Scáth-thuarascálacha, in aighneachtaí, in óráidí agus i ngach cur i láthair.

Oideachas ar Chearta an Duine á Thomhas

Rinneadh obair shubstaintiúil chun teacht ar thuiscint faoi raon an oideachais ar chearta an duine i roinnt earnálacha in Éirinn; go háirithe an earnáil phobail agus dheonach, an státseirbhís agus an tseirbhís phoiblí. Rinneadh an obair sin chun go bhféadfaí Tuarascáil um Oideachas ar Chearta an Duine a chur i gcrích, tuarascáil de chuid an Choimisiúin atá le foilsiú sa chéad leath den bhliain 2011.

Oideachas ar Chearta an Duine sna Scoileanna

Chuir an Coimisiún raon leathan ábhar ar fáil do dhaltaí scoile, go háirithe do dhaltaí CSPE, le linn na bliana. I nDeireadh Fómhair, ghlac an Coimisiún páirt i Mí Chearta an Duine a d'eagraigh *Educate Together*, Baile Brigín. Chuireamar ceardlann ar chearta leanaí ar fáil le haghaidh dhaltaí an 5ú agus an 6ú Rang.

Tionscadal Oideachais agus Oiliúna ar Chearta an Duine

Ceann de phríomhfheidhmeanna an Choimisiúin is ea cearta an duine a dhaingniú i mbeartas, i gcleachtas agus i reachtaíocht. Chun go gcomhlíonfaidh Éire na hoibleagáidí sin, caithfidh an státseirbhís agus an tseirbhís phoiblí a bheith ar an eolas faoi conas a bhaineann cearta an duine lena gcuid oibre féin. Ba chóir go mbeadh sin ina chuid lárnach den fhoghlaim agus den fhorbairt ghairmiúil.

I mí an Mhárta, le cabhair dhaonchairdiúil ó Atlantic Philanthropies, bhunaigh an Coimisiún Tionscadal Oideachais agus Oiliúna ar Chearta an Duine (an Tionscadal) chun an tacaíocht foghlama sin a chur ar fáil. Is é aidhm ghinearálta an tionscadail ná cabhrú le meon nua a chruthú i leith chearta an duine sa dlí agus i mbeartas agus i gcleachtais na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí go léir agus caighdeáin chearta an duine a fhí isteach níos fearr ina gcuid oibre. Ceapadh an tionscadal chun tacú agus chun cur le hobair na n-earnálacha sin. Tá Comhordaitheoir Tionscadail agus Comhordaitheoir Cúnta ann chun obair an tionscadail a stiúradh.

Ceann de na chéad torthaí a bhí ar an tionscadal ná an treoir '**Human Rights Guide for the Civil and Public Service**'. Seoladh an treoir i Meán Fómhair 2010. Intreoir is ea í ar na hoibleagáidí a bhaineann le cearta an duine agus an tionchar a bhíonn acu ar obair na mbrainsí éagsúla den státseirbhís agus den tseirbhís phoiblí. Beirt a rinne an seoladh: Mary White TD, an tAire Stáit Comhionannais, Lánpháirtithe agus Chearta an Duine, agus Dermot McCarthy, Rúnaí Ginearálta Roinn an Taoisigh.

Dáileadh 1069 cóip den Treoir i measc na foirne i 15 Roinn Rialtais agus 55 eagraíocht de chuid na seirbhíse poiblí (Údaráis Áitiúla san áireamh) idir Meán Fómhair agus Nollaig 2009. Cuireadh cóipeanna den Treoir ar fáil ag seimineáir, ag comhdhálacha agus ag cúrsaí oiliúna. Cuireadh an Treoir ar fáil ar sheirbhísí eolais de chuid na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí, mar shampla merrionstreet.ie, chomh maith le suímh idirnáisiúnta ar nós shuíomh Gréasáin Ghníomhaireacht an Aontais Eoraigh um Chearta Bunúsacha agus Fóram an Aigéin Chiúin agus na hÁise d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine.

Cruthaíodh an-chuid teagmhálacha ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí de thoradh ar an Tionscadal, tarraingíodh aird ar an tacaíocht foghlama atá ar fáil agus cuireadh ábhair ar fáil a oireann go díreach do riachtanais na bpáirtithe leasmhara. Gné eile den tionscadal is ea an suíomh Gréasáin oiliúna www.ihrc.ie/training. Tugadh líon ard cuairteanna ar an suíomh go dtí seo. Tá míreanna físe ann, sraitheanna ceisteanna agus eolas faoi chúrsaí oiliúna Leanfar dá fhorbairt thar thréimhse an tionscadail. Is gearr, mar shampla, go mbeidh uirlisí foghlama ar líne ann agus roghchláir oiliúna chomh maith.

Rinneadh obair an Tionscadail i bhfianaise Chlár Domhanda na Náisiún Aontaithe um Oideachas ar Chearta an Duine, atá sa dara céim faoi láthair (2010 – 2014). I mí na Samhna 2010, fuair an Coimisiún litir ó Choimisinéir um Chearta an Duine Chomhairle na hEorpa, Thomas Hammarberg, fear a shíleann go dtiocfadh leis an Treoir tionscnaimh eile den chineál céanna a spreagadh ar fud na hEorpa. Ba é a mhaígh an Coimisinéir Hammarberg "*Is riachtanach go mbeidh forfheidhmiú chearta an duine ina dhlúthchuid d'obair na ranna rialtais agus go mbeifear ar an eolas faoi na himpleachtaí i dtaca le cearta an duine de a bhaineann le beartais rialtais go ginearálta...Is maith liom go háirithe mar a chuireann bhur dtreoir ar chearta an duine béim ar ról na n-údarás áitiúil maidir le cearta an duine a chaomhnú agus a chosaint.*"

c. Obair Idirnáisiúnta

Chomh maith leis an obair mhonatóireachta a dhéantar chun féachaint chuige go gcloíonn an Stát seo leis na conarthaí idirnáisiúnta a bhfuil Éire ina páirtí iontu, faoi mar atá leagtha amach thuas, is amhlaidh a bhíonn an Coimisiún, ag feidhmiú mar Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine na tíre seo, i mbun oibre le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhíonn ag plé le cearta an duine. Tá bunús obair idirnáisiúnta an Choimisiúin le fáil in alt 8 d'Acht an Choimisiúin um Chearta an Duine 2000:

- Dul i gcomhairle, de réir mar a thograíonn sé, le comhlachtaí nó le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ag a bhfuil eolas nó sainchumas i réimse chearta an duine.

An Grúpa Eorpach d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine

Lean an Coimisiún dá ról mar chathaoirleach ar an nGrúpa Eorpach d'Insitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine. Bhí cruinniú bliantúil an Ghrúpa Eorpaigh ar siúl i mí an Mhárta, agus Uachtarán an Choimisiúin seo ina Chathaoirleach air. Bhí cruinniú bliantúil an Choiste Chomhordúcháin Idirnáisiúnta d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine ar siúl i dtrátha an ama chéanna in oifigí na Náisiún Aontaithe sa Ghinéiv. Phléigh an Grúpa Eorpach ceisteanna riaracháin, rúnaíocht a chur ar bun le haghaidh an Ghrúpa, an Dialóg Arabach-Eorpach agus an 10ú Comhdháil Dhébhliantúil den Choiste Comhordúcháin Idirnáisiúnta d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine

Tháinig Coiste Comhordúcháin an Ghrúpa Eorpaigh d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine le chéile ar 5 Bealtaine, roimh an 3ú cruinniú bliantúil idir an Grúpa agus an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha ar 6 Bealtaine in áitribh na Gníomhaireachta sa Vín.

Coiste Comhordúcháin Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (An CCI)

I mí an Mhárta, thionóil an CCI a 23ú cruinniú bliantúil sa Ghinéiv. Ba é Ard-Choimisinéir um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe a d'oscail an cruinniú. Pléadh ceisteanna praiticiúla agus ceisteanna riaracháina bhaineann leis an CCI. Chuir Maurice Manning, Cathaoirleach Choiste Airgeadais an CCI, tuarascáil ar fáil maidir le cúrsaí airgeadais agus íocaíochtaí síntiúis an CCI.

Le linn chruinniú an CCI, rinneadh plé ar ar idirchaidreamh a bhíonn ann idir na hInstiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine agus meicníochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta. Labhair an Dr Manning, Cathaoirleach an Ghrúpa Eorpaigh, leis an gcruinniú maidir leis na dúshláin a bhíonn le sárú ag an nGrúpa Eorpach agus iad ag idirghníomhú le Meicníochtaí Réigiúnacha Chearta an Duine. Ar na téamaí a pléadh le linn an chruinnithe bhí Ról na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine i gCosaint Chearta na mBan / Inscne / Leanaí; Cearta an Duine agus Gnó; Treochtaí in Oideachas agus Oiliúint ar Chearta an Duine agus Ról na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine maidir le VEID/SEIF.

Ceapadh Cathaoirleach nua ar CCI le linn an chruinnithe i.e an tUasal Rosslyn Noonan, Ard-Choimisinéir Choimisiúin na Nua-Shéalainne um Chearta an Duine. Tagann sí i gcomharbacht Ard-Choimisinéir Choimisiúin Cheanada um Chearta an Duine.

Labhair ionadaithe an Choimisiúin, ó pheirspeictíocht an Ghrúpa Eorpaigh, le linn seach-chruinniú a d'eagraigh an Oifig an Ard-Choimisinéara maidir le rannpháirteachas institiúidí Ombudsmen sa Chóras Idirnáisiúnta um Chearta an Duine.

An 10ú Comhdháil Dhébhliantúil d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine

I nDún Éidin, i nDeireadh Fómhair, a tionóladh an 10ú Comhdháil Dhébhliantúil d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine. Ba é ábhar na Comhdhála ná 'Gnó agus Cearta an Duine'. Tionóladh cruinniú de Bhiúró an CCI díreach roimh an gComhdháil. Chuir Uachtarán an Choimisiúin tuarascálacha i láthair ina cháil mar Chathaoirleach ar an nGrúpa Eorpach d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine agus mar Chathaoirleach ar Choiste Airgeadais an CCI.

I measc na ndaoine a labhair le linn na Comhdála Débhliantúla bhí Ard-Choimisinéir um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe, Navi Pillay; Mary Robinson, iar-Uachtarán na hÉireann agus iar-Ard-Choimisinéir um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe agus John Ruggie, Ionadaí Speisialta na Náisiún Aontaithe um Ghnó agus Cearta an Duine. Ba é an Coimisiún um Chearta an Duine in Albain a d'óstaigh an cruinniú, a tionóladh in áitribh Pharlaimint na hAlban.

Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine agus Oifig an Ard-Coimisinéara um Chearta an Duine

D'fhreastail an Coimisiún ar cheardlann de chuid an Oifig an Ard-Choimisinéara ar an topaic *Comhobair a fheabhsú idir an Córas Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus Meicníochtaí Réigiúnacha um Chearta an Duine,* a tionóladh sa Ghinéiv 3-4 Bealtaine. Ghlac an Coimisiún páirt sa phainéal a phléigh an t-ábhar 'Taithí na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha ar idirghníomhú le meicníochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha um chearta an duine: moltaí agus ceachtanna a foghlaimíodh.'

I mBaile Átha Cliath, i mí an Mheithimh, chas an Coimisiún le Jan Jarab, Ionadaí Réigiúnach na hEorpa de chuid Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine chun slite a phlé ina bhféadfadh an Grúpa Eorpach d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine feabhas a chur ar idirhníomhú le hinstitiúidí an AE.

I Meán Fómhair, d'fhreastail an Coimisiún ar Cheardlann maidir leis an Athbhreithniú Uilíoch Tréimhsiúil a mhaoinigh Oifig an Ard-Choimisinéara agus a bhí dírithe ar fhoireann ranna Rialtais, Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine agus Eagraíochtaí Sochaí Sibhialta na Stát Eorpach a ndéanfar Athbhreithniú orthu an bhliain dár gcionn.

Na hInstitiúidí Náisiúnta agus an tAontas Eorpach (AE)

Sa Bhruiséil, i mí na Samhna, bhí cruinniú idir Uachtarán agus Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin agus Vivien Reding, Leas-Uachtarán Choimisiún na hEorpa féachaint conas a d'fhéadfaí Coimisiún na hEorpa a chaidreamh leis na hInstiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine san AE a threisiú.

Bhí iondaíocht ag an gCoimisiún ag Fóram Oibre le haghaidh Fhorfheidhmiú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine le Míchumas a d'eagraigh an Bheilg ina cáil mar Uachtarán ar Chomhairle na hEorpa i bpáirt le Coimisiún na hEorpa sa Bhruiséil, 18-19 Samhain.

Na hInstitiúidí Náisiúnta agus Gníomhaireacht an AE um Chearta Bunúsacha (An Ghníomhaireacht)

I mí an Mhárta, chuir an Coimisiún tús le Cruinniú Comhchéime ar son na Gníomhaireachta maidir le Cearta Leisbiach, Daoine Aeracha, Daoine Déghnéasacha agus Daoine Trasinscneacha. Ba i gCaisleán Bhaile Átha Cliath a tionóladh an cruinniú. Bhí cur i láthair ann mar gheall ar phríomhphointí an taighde a rinne an Ghníomhaireacht agus atá le fáil ina tuarascáil "Frith-homaighnéasachas agus Idirdhealú i nGeall ar Chlaonadh Gnéasach agus Féiniúlacht Inscne". Pléadh ceisteanna a bhaineann le coireanna a dhéantar le fuath ar homaighnéasaigh, caint a spreagann fuath ina leith agus bulaíocht ar homaighnéasaigh i scoileanna.

Ar 6 Bealtaine, d'fhreastail an Coimisiún an triú cruinniú bliantúil idir Ghníomhaireacht an AE um Chearta Bunúsacha ('an Ghníomhaireacht') agus Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine. I ndiaidh an chruinnithe seo, tionóladh comhdháil maidir leis na hInstitiúidí Náisiúnta, Institiúidí Comhionannas agus comhlachtaí cosanta sonraí. Seoladh trí thuarascáil de chuid na Gníomhaireachta le linn na comhdhála. Bhain ceann acu sin leis na hInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine san AE.

I nDeireadh Fómhair, d'fhreastail an Coimisiún ar Chomhdháil a d'eagraigh an Ghníomhaireacht ar an ábhar *An tUileloscadh agus Oideachas ar Chearta an Duine*. Eagraíodh an chomhdháil chun aird a tharraingt ar roinnt gníomhaíochtaí de chuid na Gníomhaireachta a bhfuil tionscadal ar siúl acu dar teideal 'Oideachas faoin Uileloscadh agus Oideachas ar Chearta an Duine' chun dlús a chur san athbhreithniú piaraí ar fhoilseacháin agus ar acmhainní áirithe de chuid na Gníomhaireachta agus plé a éascú maidir le hoideachas ar an Uileloscadh agus an t-oideachas ar chearta an duine go ginearálta.

Institiúidí Náisiúnta agus an Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhar san Eoraip (OSCE)

D'fhreastail an Coimisiún ar Chruiniú a d'eagraigh an OSCE i Várs á ar 4 Deireadh Fómhair. *Human Dimensions* ba theideal don chruinniú, inar pléadh obair an OSCE leis na hInstiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine agus roinnt topaicí eile. Chas an Coimisiún le hionadaithe ó Oifig na nInstitiúidí Daonlathacha agus Cearta an Duine lasmuigh den chruinniú féin, féachaint an fídir idirghníomhú leis na hInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine a fheabhsú.

Cruinniú d'Institiúidí Náisiúnta na hAlban, Thuaisceart Éireann, na Breataine Móire agus Phoblacht na hÉireann

Tionóladh an 2ú cruinniú bliantúil d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine na hAlban, Thuaisceart Éireann, na Breataine Móire agus Phoblacht na hÉireann ar 19 Samhain i mBaile Átha Cliath. Pléadh raon topaicí sa chruinniú idir foireann agus coimisinéirí na 4 Institiúid Náisiúnta. Ina measc siúd bhí Oideachas ar Chearta an Duine, Gnó agus Cearta an Duine, Fiosrúcháin agus Cásobair.

Dialóg idir Institiúidí Náisiúnta Arabacha agus Eorpacha

Lean an Coimisiún ag glacadh páirte sa Dialóg Arabacah-Eorpach idir Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (www.aehrd.ie). Chuir an Coimisiún páipéar ar chearta na mban i láthair ag an 5ú cruinniú den Dialóg, a tionóladh 8-10 Márta in Doha.

Idirgíomhú le hInstitiúidí Náisiúnta Eile Chun Acmhainn a Fheabhsú

I mí Eanáir, tháinig toscaireacht ón gCoimisiún um Chearta an Duine sa tSúdáin Theas (CST) ar cuairt ar an gCoimisiúin seo. Rinne foireann an Coimisinéirí an Choimisiúin seo roinnt cur i láthair agus labhair le toscaireacht na Súdáine Theas i dtaobh réimsí oibre an Choimisiúin chun cabhrú leo a n-acmhainn féin a fheabhsú. Eagraíodh cruinnithe le heagraíochtaí deonacha agus pobail, lena n-áirítear an brainse Éireannach d'Amnesty International, Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil agus Trócaire.

Tháinig toscaireacht ó Údarás um Ghearáin ar Phóilíní Leosóta ar cuairt ar an gCoimisiún ar maidin 20 Eanáir chun ról agus feidhmeanna an Choimisiúin a phlé.

Chuaigh an Coimisiún ar cuairt go Addis Ababa le linn na seachtaine 25-29 Eanáir chun taithí a roinnt leis an gCoimisiún um Chearta an Duine san Aetóip (CA) agus cabhrú leo a n-acmhainn féin a fheabhsú. Cúnamh Éireann a mhaoinigh an chuairt. Fuarthas tacaíocht thábhachtach ó Shíle Maguire, Ambasadóir na hÉireann san Aetóip agus ó bhaill eile d'fhoireann Ambasáid na hÉireann in Addis Ababa. Chas an toscaireacht le Coimisinéirí an CA, lena n-áirítear an t-Ard-Choimisinéir nuacheaptha agus bhí ghlac páirt i sraith gníomhaíochtaí le foireann an CA chun acmhainn na heagraíochta a fheabhsú. Chomh maith leis sin, chas toscaireacht an Choimisiúin le roinnt páirtithe leasmhara eile a bhíonn ag obair go dlúth leis an CA. Ina measc sin bhí Clár Forbraíochta na Náisiún Aontaithe, Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus lucht acadúlachta.

I Meán Fómhair, chas toscaireacht foirne ó Choimisiúin Chearta an Duine na Cóiré agus ó Sheirbhís Imirce na Cóiré le foireann an Choimisiúin chun plé a dhéanamh ar a chuid oibre ar an mBille Imirce agus ar an dara Fiosrúchán mar aon le saincheisteanna reatha eile a bhaineann le himirce agus lánpháirtú in Éirinn.

d. An Comhchoiste le Coimisiún um Chearta an Duine Thuaisceart Éireann

Ba faoi bhun fhorálacha Chomhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta a bunaíodh an Coimisiún seo agus Coimisiún um Chearta an Duine Thuaisceart Éireann. De réir na ndlíthe faoinar bunaíodh an dá choimisiún leagadh amach go gcasfaidís le chéile roinnt uaireanta in aghaidh na bliana i 'gComhchoiste'. Fóram is ea an Comhchoiste ina gcuirtear saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine ar oileán na hÉireann faoi chaibidil. Cuireann sé ar a gcumas don dá choimisiún feidhmiú i gcomhair cuspóirí comhaontaithe. I gcás an Choimisiúin seo, leagtar an fheidhm seo amach in alt 10 d'Acht an Choimisiúin um Chearta an Duine 2000;

> Dul i mbun aon ghníomhaíochta atá riachtanach chun comhchoiste ionadaithe a bhunú agus a bheith rannpháirteach ann, mar atá luaite in alt 10 den mhír dar teideal 'Cearta, Cosaintí agus Comhionannas Deiseanna' den Chomhaontú ar Thángthas air sna Cainteanna Ilpháirtí(Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta 1998).

Sa bhliain 2010, lean an Coimisiún dá chuid oibre mar pháirtí sa Chomhchoiste. Chomh maith le cruinnithe de chuid an Choiste iomláin, tionóladh cruinnithe d'fhochoistí atá ag plé le Cairt na gCeart, leis an gCiníochas agus leis an Imirce agus Gáinneáil Daoine.

Comhairliúchán ar an gCoinbinsiún um Chearta Imirceach

Go luath sa bhliain 2010 chuir an Comhchoiste tús le comhairliúchán ar Choinbhinisún na Náisiún Aontaithe um Chearta na nOibrithe Imirceacha Uile agus a dTeaghlaigh agus chuir na páirtithe leasmhara ar an eolas ina thaobh. Fuair an Comhchoiste roinnt freagraí substainteacha suntasacha. Bhí an dá choimisiún ag tarraingt ar na freagraí sin san obair a rinne siad sa réimse seo.

Cairt na gCeart

Ag eascairt ón gcomhdháil rathúil a d'eagraigh an dá choimisiún ar Chairt na gCeart sa bhliain 2009, lean an Comhchoiste den phlé ar Chairt na gCeart i gcomhair na hÉireann uile sa bhliain 2010. Cinneadh, áfach, aon obair shubstainteach a cur siar go dtí go mbeadh na toghcháin sa dá dhlínse thart.

Daingniú Conarthaí a bhí Fós gan Daingniú ag Rialtais na hÉireann agus an RA.

I ndiaidh chruinniú Dheireadh Fómhair, d'eisigh an Comhchoiste ráiteas ag iarraidh ar rialtais na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann gealltanas a thabhairt cloí le caighdeáin idirnáisiúnta a bhaineann le cearta an duine, caighdeáin a aithníodh ina athbhreithniú leanúnach ar chosaint chearta an duine i ngach dlínse. D'iarr an Comhchoiste go sonrach go síneodh, go ndaingneodh agus go bhforfheidhmneodh an dá rialtas eochairionstraimí de chuid na Náisiún Aontaithe chun prionsabal na coibhéise de réir mar a leagadh sin amach i gComhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta) 1998 a thabhairt slán.

4. Fiosrúcháin, Seirbhísí Dlí agus Riarachán

a. Fiosrúcháin agus Seirbhísí Dlí

Tá feidhmeanna fiosrúcháin agus feidhmeanna dlí an Choimisiúin leagtha amach in ailt 8 go 11 d'Acht an Choimisiúin um Chearta an Duine, 2000. Is í an Rannóg Fiosrúchán agus Seirbhísí Dlí a chuireann i bhfeidhm iad.

Is iad na feidhmeanna atá ann:

- Measúnú a dhéanamh ar iarratais ar fhiosrúchán i saincheist a bhaineann le cearta an duine nó fiosrúchán a thionscnamh as a stuaim féin;

- Measúnú a dhéanamh ar iarratais ar chabhair in imeachtaí dlí a bhaineann le dlí nó le cleachtas i réimse chearta an duine;

- A shaineolas sa dlí um chearta an duine a thairiscint mar *amicus curiae* (nó 'cara don chúirt') i gcásanna iomchuí a bhaineann le saincheisteanna chearta an duine;

- Imeachtaí a thionscnamh chun cearta daoine sa Stát a dhearbhú.

Agus na feidhmeanna sin á gcur i gníomh aige sa bhliain 2010, rinne an Coimisiún measúnú ar iarratais ar fhiosrúcháin, chuir cabhair dhlíthiúil ar fáil agus chuaigh i láthair cúirte mar *amicus curiae* ar ócáidí áirithe.

Cumarsáid

Le linn na bliana 2010, cuireadh 464 teachtaireacht ó dhaoine agus ó eagraíochtaí faoi bhráid na Rannóige Fiosrúchán agus Seirbhísí Dlí. Fuarthas mórán an líon céanna teachtaireachtaí a fuarthas sa bhliain 2009. Léirítear líon na dteachtaireachtaí a cuireadh chuig an gCoimisiún le blianta beaga anuas i bhFíor 1.

Fíor 1: Líon Teachtaireachtaí ó Bhliain go Bliain



Ó fhir a tháinig 249 den 464 teachtaireachtaí i dtaobh chearta an duine a fuarthas in 2010. Tháinig 159 teachtaireacht ó mhná, mar a léirítear i bhFíor 2. Is é a bhí sa 56 teachtaireacht eile ná fógraí faoi imeachtaí dlí, iarratais *amicus curiae* ó eagraíochtaí nó ó ilpháirtithe. Is deacair inscne faoi leith a lua leo sin.

Fíor 2: Teachtaireachtaí a Fuarthas in 2010 de réir Inscne



Is é atá i bhFíor 3 ná miondealú ar theachtaireachtaí a fuair an Rannóg Fiosrúchán agus Seirbhísí Dlí sa bhliain 2010 de réir catagóra agus míosa. Faoi mar a bhí i mblianta a chuaigh thart, ba ghlaoch teileafóin an bealach ba choitianta a bhí ag daoine chun dul i dteagmháil leis an gCoimisiún, i dtaca leis na feidhmeanna fiosrúcháin agus seirbhísí dlí ar aon chaoi. Beifear in ann gearáin i dtaca le sárú ar bith a deirtear a bheith déanta ar chearta an duine a sheoladh chugainn ónár suíomh Gréasáin nua as seo amach, ach foirm a líonadh ar an suíomh. Cuireadh

an áis sin ar fáil chun gurbh fhusa don phobal leas a bhaint as seirbhísí dlí agus fiosrúcháin an Choimisiúin.

Fíor 3: Teachtaireachtaí a fuarthas in 2010 de réir Catagóra



	Ean	Feabh	Már	Aib	Bed	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Samh	Noll
Fiosruithe	30	36	33	27	28	24	44	30	21	19	18	10
Réamhchomhaid	5	8	11	4	10	14	4	4	11	16	24	18
Iarratais ar Fhiosrúchán		2	1		1	3	1	2	1		1	1
Iarratais ar Chúnamh	1	1				1	3	1		1		3
Iarratais Amicus Curiae				1								
Fógraí faoi bun Alt 6 (1)	4	1	4	1	4	5	14	1	3	5	9	2

ECHRA 2003

Is iomaí sin ceist a ardaíodh sna teachtaireachtaí a cuireadh bhráid na Rannóige Fiosrúchán aagus Seirbhísí Dlí. Baineann cuid acu le saincheisteanna 'sibhialta agus polaitíochta' (S&P) agus cuid eile le cearta 'eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha' (ESC). Baineann teachtaireachtaí áirithe leis an dá chatagóir sin agus tráchtar orthu, de ghrá na héascaíochta, mar cheisteanna 'traschatagóra' (TC). Faoi mar ba amhlaidh i mblianta eile, ba é réimse na gceart sibhialta agus polaitíochta an príomhréimse oibre i dtaca le teachtaireachtaí (49%) a cuireadh chuig an Rannóg Fiosrúchán agus Seirbhísí Dlí. Bhí líon na dteachtaireachtaí maidir le ceisteanna traschatagóra (9%) agus cearta eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha (25%) ag

teacht le treochtaí na mblianta seo a d'imigh tharainn. Bíodh sin mar atá, tá líon na dteachtaireachtaí aonair i dtaobh cearta eacnamaíochta agus sóisialta, mar shampla an tsláinte, tithíocht agus an leas sóisialach, tar éis méadú go suntasach ó 85 in 2009 go 115 in 2010. Is é atá i gceist le teachtaireachtaí sa chatagóir 'EILE' (17%) ná ábhar nach raibh baint fhollasach acu le cearta an duine, mar shampla aighnis idir dhaoine. Tá miondealú de réir réimse tosaíochta oibre i bhFíor 4 ar na teachtaireachtaí a fuair an Rannóg Fiosrúchán agus Seirbhísí Dlí sa bhliain 2010.

Fíor 4: Réimsí Tosaíochtaí Oibre agus Teachtaireachtaí a Fuarthas in 2010



I gcaitheamh na bliana, rinne an Coimisiún measúnú agus cinneadh maidir le naoi n-iarratas fhoirmiúla ar lorg fiosrúcháin agus cúig cinn déag d'iarratais fhoirmiúla ar chabhair. Dheonaigh an Coimisiún 'cabhair dhlíthiúil' a sholáthar i gcás dhá iarratas. Chomh maith leis sin, shocraigh an Coimisiún saoirse a lorg chun idirghníomhú in dhá cheann d'imeachtaí dlí i ról *amicus curiae*. Leagtar amach cinntí an Choimisiúin maidir le hiarratais ar fhiosrúcháin agus ar chabhair i bhFíor 5.

Fíor 5: Cinntí an Choimisiúin in 2010



Cúnamh Dlí

MB

Rinne MB iarratas leis an gCoimisiún ag iarraidh cabhair dhlíthiúil chun dúshlán an Achta um Shásamh i Leith Foras Cónaithe 2002 a thabhairt, ar an ábhar nach bhfuil foráil san Acht sin le go dtiocfadh le freagróir ar cuireadh líomhain mhí-úsáide ina leith costais a aisghabháil i gcás nach seasfaí leis an líomhain nó go dtarraingeofaí siar í. Bhí MB ag iarraidh dúshlán forálacha áirithe rúndachta san Acht a thabhairt freisin.

Mheas an Coimisiún nár dhócha go n-éireodh leis na himeachtaí dlí a bhí beartaithe, ach rinneadh cinneadh neamhspleách air sin cabhair dhlíthiúil a thabhairt do MB maidir le saincheisteanna chearta an duine a d'ardaigh sí, ó tharla na hábhair a bheith chomh casta agus atá.

DMcC

Tháinig DMcC, náisiúnach de chuid an AE, go hÉirinn i mí na Samhna 2009, tar éis bheith ina cónaí agus ag obair i dtír eile de chuid an AE ar feadh roinnt blianta. D'oibrigh sí ar feadh tamaill i dtionscal na turasóireachta ach ligeadh chun bealaigh í i ndiaidh shéasúr na Nollag. Rinne sí iarratas ansin ar chineálacha éagsúla leasa shóisialaigh, lena n-áirítear cabhair chun an cíos a íoc. Diúltaíodh gach iarratas a rinne sí ar an ábhar nár shásaigh sí coinníoll an ghnáthchónaí a bhaineann leis na híocaíochtaí leasa shóisialaigh sin. Faoi dheireadh, cuireadh an ruaig ar DMcC as an lóistín príobháideach a bhí ar cíos aici, toisc go raibh riaráistí suntasacha cíosa gan íoc ann. Bhí uirthi lóistín sealadach a ghlacadh a chuir údarás áitiúil agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar fáil di.

Lorg DMcC cúnamh dlí ón gCoimisiún chun cur in aghaidh an chinnidh a rinneadh tacaíocht leasa shóisialaigh a shéanadh uirthi. Mheas an Coimisiún nár dhócha go n-éireodh san am sin

leis na himeachtaí dlí a bhí beartaithe, ach gurbh iomchuí an ní é cabhair dhlíthiúil a chur ar fáil di ó tharla na hábhair a bheith chomh casta.

Cúnamh Eile

Le linn dó bheith ag measúnú fiosrúchán agus iarratas, déanann an Coimisiún iarracht eolas a chur ar fáil do dhaoine maidir lena gcearta, nó iad a threorú go dtí comhlacht a chuirfidh tuilleadh comhairle agus cúnaimh ar fáil dóibh i gcás nach dtagann an t-ábhar faoi réim oibre an Choimisiúin.

Le linn 2010, dhéileáil an Coimisiúin le roinnt teachtaireachtaí den chineál sin. Tá achoimre ghairid anseo ar dhá cháschomhad den chineál sin.

PW
Duine é seo a bhí ina fhinné in imeachtaí maidir le cúram linbh sa Chúirt Dúiche agus a chuaigh i dteagmháil leis an gCoimisiún chun a imní a chur in iúl maidir le hoiriúnacht an Bhreithimh a bhí ag éisteacht an cháis agus an imní a bhí air nach gcuirfí triail chothrom air dá bharr sin. Chuir an Coimisiún comhairle ar an duine seo faoi chaighdeáin maidir le hiompar breithiúna agus faoi ról finné sa Chúirt. Ghabh an duine buíochas leis an gCoimisiún as an gcomhairle sin.

ED
Tháinig ED agus a teaghlach go hÉirinn ina dhídeanaí cláir ó Bhoisnia sa bhliain 1996. Chaith ED roinnt blianta ag staidéar agus ag obair in Éirinn sular aistrigh sí cónaí go tír Eorpach eile ar chúiseanna sláinte sa bhliain 2005. Le linn di bheith thar lear bhí caidreamh ag ED le duine agus rugadh leanbh di. Níor mhair an caidreamh agus, ó tharla nach ann a bhí a teaghlach agus nach raibh sí ag obair, chinn sí filleadh ar Éirinn, áit a raibh a teaghlach agus an áit a raibh sí ag iarraidh a leanbh a thógáil. I ndiaidh di filleadh go hÉirinn, rinne ED iarratas ar liúntas leasa shóisialaigh (LLS) agus liúntas tuismitheora aonair. Diúltaíodh an LLS di ar an gcéad iarratas agus chuir sí iarratas ar chúnamh dlí faoi bhráid an Choimisiúin.

Chuir an Coimisiún comhairle uirthi i dtaca lena ceart chun achomhairc agus mhínigh di an t-eolas ábhartha a d'fhéadfadh sí a chur ar fáil chun tacú leis an achomarc sin. Go gairid ina dhiaidh sin, chuaigh ED i dteagmháil leis an gCoimisiún chun a cur in iúl gur ceadaíodh an LLS di:

> "Díreach le hinsint daoibh go bhfuair mé an Bun-Liúntas Forlíontach. Ba mhaith liom buíochas a thabhairt daoibh. Ní bheinn in ann é a dhéanamh gan bhur gcuid tacaíochta. Míle buíochas.."

Teagmháil le Comhlachtaí Reachtúla

Bíonn an Coimisiún ag brath ar chomhobair le comhlachtaí reachtúla chun a chuid feidhmeanna reachtúla a chur i ngníomh. Le linn dó bheith ag measúnú iarratas ar fhiosrúcháin nó ar chabhair dhlíthiúil, b'fhéidir go lorgódh an Coimisiún soiléiriú foirmiúil ar ábhair áirithe nó eolas sonrach nó doiciméid ó chomhlachtaí reachtúla eile. I gcás go gcinneann an Coimisiún fiosrúchán a dhéanamh ar ábhar éigin is gnách go lorgaíonn sé eolas agus doiciméid ó na comhlachtaí reachtúla cuí. I gcásanna áirithe ina lorgaítear soiléiriú, tiocfaidh easnaimh ó

thaobh chearta an duine de chun solais. B'fhéidir go ndéanfadh an comhlacht reachtúil ábhartha an fhadhb a réiteach. Sa bhliain 2010, bhí comhfhreagras foirmiúil idir an Coimisiún agus 5 chomhlacht reachtúil le linn don Choimisiún bheith ag cur a chuid feidhmeanna reachtúla i ngníomh. Lorg an Coimisiún eolas agus doiciméid laistigh de thréimse ama shonraithe. I bhFíor 6, liostaítear na comhlachtaí a raibh an Coimisiún i dteagmháil leo le linn 2010. Cuirtear in iúl cé acu a fuarthas freagra laistigh den tréimhse ama a mhol an Coimisiún nó nach bhfuarthas (i.e. 28 lá).

Figiúr 6: Cumarsáid le Comhlachtaí Reachtúla

Comhlacht Reachtúil	Fuarthas freagra tráthúil	Freagra déanach/gan aon fhreagra
An Garda Síochána		✓
An Roinn Oideachais agus Scileanna		✓
An Roinn Sláinte agus Leanaí		✓
Gobharnóir Phríosún Chorcaí	✓	
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte		✓ ✓

Anuas air sin, lorgaíodh eolas ó charthanas a mbíonn feidhmeanna reachtúla á gcur i ngníomh aige. Bhain an t-eolas sin le forfheidhmiú moladh a rinneadh i dTuarascáil an Triú Fiosrúchán a rinne an Coimisiún i dtaca le seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas intleachta. Chuir an carthanas an t-eolas ar fáil go tráthúil.

Fiosrúcháin

Tuarascáil an Tríú Fiosrúchán

I mí an Mhárta, foilsíodh Tuarascáil an Tríú Fiosrúchán a rinne an Coimisiún ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas intleachta in ionad cónaitheach, cúram lae agus faoisimh. In 2008 a cuireadh tús leis an bhfiosrúchán. Rinneadh an fiosrúchán ar iarratas tuismitheoirí, dearthóireachta agus deirfiúracha leis na daoine a chónaíonn san Ionad. Is daoine fásta gach duine a chónaíonn san Ionad, cé gur thosaigh cuid acu ag úsáid sheirbhísí an Ionaid nuair a bhí siad ina leanaí. Tá míchumas intleachta, ó throm go domhain, ar gach duine san Ionad. Ba iad na páirtithe leasmhara san fhiosrúchán seo ná an Grúpa Tuismitheoirí, Bráithre na Carthanachta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Sláinte agus Leanaí, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. Bhí na páirtithe go léir an-chuiditheach leis an bpróiseas fiosrúcháin, a rinneadh go príobháideach.

Ba é toradh an fhiosrúcháin ná go raibh bearnaí móra sa soláthar seirbhísí d'áitritheoirí agus do dhaoine a d'úsáid seirbhísí an Ionaid. Ba é ba chúis leis na seirbhísí easnamhacha sin ná fadhbanna córasacha sna creataí reachtaíochta, straitéiseacha agus beartais ag leibhéal náisiúnta. I ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar an dlí idirnáisiúnta chearta an duine a bhaineann le hábhar agus tionchar na reachtaíochta sin ar dhaoine san Ionad, ba é toradh an fhiosrúcháin ná nach rabhthas ag comhlíonadh caighdeán maidir le cearta sláinte agus oideachais, an ceart

atá ag gach duine nach ndéanfaí idirdhealú air/uirthi agus an ceart chun leigheas a fháil. Tá ceisteanna ann freisin maidir le freagracht.

Cuireadh 15 moladh faoi bhráid na Roinne Sláinte. Ina measc bhí:

- ba chóir comhaontuithe seirbhíse a athdhearadh; ba chóir measúnú riachtanais a chur san áireamh agus leibhéil seirbhíse á socrú, caithfidh leibhéil foirne agus leibhéil mhaoinithe chaipitil a bheith in oiriúint do shaol príobháideach, dínit agus an caighdeán sláinte is airde a thabhairt slán;
- ba chóir don Roinn meánchostas náisiúnta comhaontuithe a bhunú i gcomhair seirbhísí cónaitheacha, faoisimh agus lae agus sin a dhéanamh i bhfianaise measúnuithe riachtanais atá dírithe ar an duine aonair;
- ba chóir an tAcht Míchumais 2005 a chur i bhfeidhm gan mhoill;
- ba chóir tús a chur le himscrúduithe neamhspleácha HIQA láithreach bonn agus ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar na meicníochtaí gearán faoi bhun an Achta Sláinte 2004.

I measc na 13 moladh a cuireadh faoi bhráid an FSS bhí:

- Ba chóir rialú na gcomhaontuithe seirbhíse a láidriú trí mheasúnú níos beaichte a dhéanamh ar an leibhéal seirbhísí ildisciplíneacha a theastaíonn, a chinntiú go bhfuil rialú agus meicníochtaí freagrachta sásúla ann agus athbhreithnithe de chuid an FSS a chur i gcrích laistigh de na tréimhsí ama sonraithe agus tuarascálacha a chur faoi bhráid na Roinne agus an Oireachtais;
- Maoiniú a chur ar fáil láithreach le haghaidh tuilleadh teiripeoirí lánaimseartha cainte agus urlabhar agus tuilleadh teiripeoirí saothair;
- ba chóir liostaí feithimh ar chúram faoisimh cónaitheach a laghdú.

I measc na 3 mholadh a cuireadh faoi bhráid na Roinne Oideachais bhí:

- ba chóir go ndéanfaí foráil sa reachtaíocht i gcomhair áiseanna oideachais do dhaoine fásta ar a bhfuil míchumas intleachta, trom nó domhain, agus ba chóir a leithéid d'oideachas a chur in oiriúint do chumas foghlama an duine;

D'iarr tuarascáil an fhiosrúcháin ar Stát Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine le Míchumas a dhaingniú láithreach.

I Meán Fómhair, chuir an Coimisiún litir chuig na páirtithe leasmhara go léir san fhiosrúchán ag iarraidh an eolais is déanaí faoi chur i bhfeidhm na moltaí atá sa Tuarascáil. Bhíothas ag fanacht le roinnt freagraí ag deireadh na bliana.

Tuarascáil an Dara Fiosrúchán

Lean an Coimisiún ag gníomhú i leith na moltaí a rinneadh sa dara tuarascáil fiosrúcháin, a foilsíodh i mí Eanáir 2009. Bhain an fiosrúchán sin le conas a caitheadh le náisiúnach Pacastánach a raibh víosa bailí taistil aige agus ar diúltaíodh cead dó tuirlingt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Coinníodh ansin é, rinneadh a phas a mharcáil agus cuireadh trí roinnt tíortha éagsúla é ar ais chun a thíre féin é. Léirigh an Coimisiún imní sa tuarascáil maidir le gníomhartha an Stáit i gcomhthéacs an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine, an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chéasadh a Chosc agus an Chúnaint Idirnáisiúnta um Chearta

Sibhialta agus Polaitíochta agus rinne seacht moladh chun an Stát a thabhairt i gcomhréir lena oibleagáidí maidir le cearta an duine de.

Bhí comhfhreagras ag an gCoimisiún leis an nGarda Síochána agus leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí le linn 2010 ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh maidir le moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm. Bhíothas ag fanacht le tuilleadh freagraí ag deireadh na bliana.

Mír 6(1) d'Acht an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine 2003

Le linn 2010, fuair an Coimisiún tuilleadh cásfhógraí faoi bhun Acht an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine (Acht an Choinbhinsiúin). Forálann Mír 6 d'Acht an Choinbhinsiúin go gcuirfí an tArd-Aighne agus an Coimisiún araon ar an eolas faoi imeachtaí sula ndéanann Cúirt 'dearbhú neamhluí' faoi bhun mhír 5 d'Acht an Choinbhinsiúin. Ceapadh rialacha cúirte ó shin a chuireann ceangal ar an bpáirtí atá ag glacadh an cháis na pléadálacha a chur ar aghaidh go dtí an tArd-Aighne agus an Coimisiún araon agus an dá chomhlacht sin a choinneáil ar an eolas de réir mar a leanann an cás ar aghaidh.

Is é atá i gceist le "dearbhú neamhluí" faoi bhun mhír 5 d'Acht an Choinbhinsiúin ná toisc ina measann cúirt go bhfuil neamhluí idir reachtaíocht nó riail dlí agus oibleagáidí an Stáit faoi bhun Acht an Choinbhinsiúin. Nuair a dhéanann cúirt a leithéid de dhearbhú, caithfidh an Taoiseach féachaint chuige go gcuirtear cóip den ordú cúirte i láthair gach ceann de Thithe an Oireachtais laistigh de 21 lá a mbeidh Tithe an Oireachtais ina suí lena linn. Bíodh sin mar atá, ní bhíonn tionchar ag dearbhú neamhluí ar fhorfheidmhiú nó oibriú an dlí atá i saincheist, a mbíonn éifeacht leis go dtí go ndéantar é a leasú le reachtaíocht nó go ndéanfadh na hUas-Chúirteanna é a scrios de bharr é a bheith mí-bhunreachtúil.

Ba é líon na gcásfhógraí a fuarthas le linn 2010 faoi Acht an Choinbhinsiúin nó ar shlí éigin eile ná 51 (is é atá i gceist ná cóipeanna saor in aisce d'imeachtaí a bhaineann le saincheisteanna chearta an duine nó cásanna a shonraítear sna Uas-Chúirteanna). Lean an Coimisiún de bheith ag faire na gcásanna seo, agus cásanna eile a bhí ann roimhe sin. de réir mar a bhí siad ag dul ar aghaidh sna Cúirteanna.

Dearbhú neamhluí

In 2008, rinne an Ard-Chúirt an chéad dearbhú neamhluí faoi bhun Acht an Choinbhinsiúin i gcás *Foy v. An tArd-Chláraitheoir & Páirtithe Eile.* Bhain an dearbhú le heasnamh aitheantais dhlíthiúil do dhaoine trasinscneacha faoi dhlí na hÉireann. Rinne an Stát achomharc ar an mbreithiúnas a thaisceadh chun dúshlán an dearbhú neamhluí a thabhairt. Rinne an Stát an t-achomharc sin a tharraingt siar le linn 2010, áfach. Is ionann sin agus glacadh leis go bhfuil neamhluí idir dhlí na hÉireann agus oibligeáidí an Stáit faoi bhun Acht an Choinbhinsiúin. Dá bharr sin, b'éigean don Taoiseach, de réir Acht an Choinbhinsiúin, Ordú Cúirte a chur i láthair gach ceann de thithe an Oireachtais chun an dearbhú neamhluí a dhéanamh. Ba é seo an chéad uair a tharla sin ó tionscnaíodh Acht an Choinbhinsiúin.

Cásanna *Amicus Curiae*

Ó achtaíodh Acht an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine tugadh saoirse don Choimisiún feidhmiú mar *amicus curiae* (nó "cara don Chúirt) i níos mó agus níos mó cásanna. Lean an Coimisiún de theacht i láthair na n-uaschúirteanna (an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach) i gcásanna le linn 2010 [agus chinn an Coimisiún saoirse a lorg chun teacht i láthair i gcásanna eile]. Bhain na cásanna sin le raon saincheisteanna chearta an duine, lena n-áirítear cosaint sonraí, an dlí coiriúil ar ghealtacht, cúisimh choiriúla as ciontaí imirce agus cearta tithíochta.

E.D. v Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí

In 2009 chuir an Coimisiún iarratas faoi bhráid na hArd-Chúirte teacht i láthair mar *amicus curiae* sa chás seo agus thoiligh an Breitheamh O'Neill leis an iarratas. Bhí an cás le héisteacht i mí na Samhna 2010 ach cuireadh siar é agus bhíothas fós ag fanacht le dáta nua éisteachta ag deireadh na bliana.

Is é seo ábhar an cháis: táthar ag tabhairt dhúshlán alt 12 den Acht Imirce 2004, a chuireann iallach ar eachtrannaigh pas nó a chomhionann de dhoiciméad céannachta a chur ar fáil má éilíonn Garda sin, nó míniú sásúil a thabairt ar cén fáth nach féidir sin a dhéanamh. Má chiontaítear duine faoi bhun an ailt seo, d'fhéadfaí téarma príosúntachta chomh fada le bliain a ghearradh air/uirthi agus/nó fíneáil de luach €3,000.

Digital Rights Ireland Limited v An tAire Cumarsáide, Muirí agus Acmhainní Nádúrtha, An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Coimisinéir an Gharda Síochána, Éire, agus an tArd-Aighne.

I mí na Nollag 2007, chuir an Coimisiún iarratas faoi bhráid na hArd-Chúirte ag lorg saoirse teacht i láthair mar *amicus curiae* i gcás *Digital Rights Ireland Limited v. An tAire Cumarsáide, Muirí agus Acmhainní Nádúrtha, An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Coimisinéir an Gharda Síochána, Éire, agus an tArd-Aighne*. D'éist an Breitheamh McKechnie leis an iarratas, mar aon le trí fhoriarratas eile, thar thréimhse cúig lá i mí Iúil 2008.

Is é ábhar an cháis ná dúshlán faoin gcaoi a gcoinníonn soláthróirí seirbhíse sonraí teileachumarsáide ar mhodh gur féidir le húdaráis stáit iad a rochtain ar feadh tréimhse chomh fada le trí bliana. Is díol suime go dtugann an cás seo dúshlán dhlí an Aontais Eorpaigh agus dúshlán an dlí náisiúnta maidir le meicníochtaí coinneála sonraí (lena n-áirítear an tAcht um Dhlí Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005. Is iad na príomhphrionsabail atá i gceist ó thaobh chearta an duine de ná meas ar shaol príobháideach an duine agus ar a c(h)uid comhfhreagrais de réir Alt 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus saoirse an duine a t(h)uairimí a chur in iúl de réir Alt 10. Gné eile den chás ná iarratas ar thagra do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi bhun Alt 234 de Chonradh Tionscanta na gComhphobal Eorpach.

Thoiligh an Chúirt iarratas an Choimisiúin teacht i láthair sa chás. Rinne an Coimisiún aighneachtaí maidir leis na foriarratais a bhí os comhair na Cúirte, lena n-áirítear *locus standi* na nGearánaithe i.e eagraíocht neamhrialtasach a bhfuil sé d'aidhm acu, de réir a ráiteas misin,

saoirsí pearsanta i dtaca le cosaint sonraí a chosaint. Thug an Breitheamh McKechnie a bhreith ar réamhcheist i mí na Bealtaine 2009 agus dúirt go raibh *locus standi* ag na Gearánaithe chun an dúshán a thabhairt.

Bhíothas fós ag fanacht, ag deireadh na bliana, le breith maidir leis an tagra don Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

J.B. v An Bord Athbhreithnithe Meabhairshláinte & Eile

I nDeireadh Fómhair 2009, d'iarr an Coimisiún saoirse ar an gCúirt Uachtarach teacht i láthair sa chás seo. Ceadaíodh an t-iarratas. Tugadh tosaíocht don chás agus bhí aighneachtaí fhormhór na bpáirtithe, agus aighneacht an Choimisiúin, taiscithe leis an gCúirt faoi Shamhain 2009. Bíodh sin mar atá, cuireadh an cás ar athlá arís is arís eile le linn 2010 agus bhí sé fós gan éisteacht ag deireadh na bliana.

Is é seo ábhar an cháis: bhí an tAchomharcóir (a fuarthas neamhchiontach de bhrí gealtachta) fós á choinneáil san Ospidéal Lárnach Mearbhaill cé gurbh é breithiúnas an Bhoird Athbhreithnithe Meabhairshláinte (Dlí Coiriúil), a bhfuil sé de dhualgas air a leithéid seo de choinneáil a athbhreithniú, gur chóir an duine a ligean saor ag brath ar choinníollacha áirithe, ach nach féidir na coinníollacha a fhorfheidhmiú go dlíthiúil.

Bhíothas fós ag fanacht le dáta éisteachta ag deireadh na bliana.

Pullen v Comhairle Cathair Bhaile Átha Cliath

In 2008 tháinig an Coimisiún i láthair an Bhreithimh Irvine san Ard-Chúirt. Tugadh an bhreith in 2009, agus rinne an dá pháirtí achomhairc a thaisceadh sa Chúirt Uachtarach le linn 2010. I Nollaig 2010 tugadh cead don Choimisiún feidhmiú mar *amicus curiae* san achomharc a bhí i láthair na Cúirte Uachtaraí.

Baineann an cás le feidhmiú alt 62 den Acht Tithíochta 1966, a cheadaíonn d'údaráis áitiúla seilbh a aisghbhabháil go hachomair ó thionóntaithe de chuid an údaráis áitiúil gan éisteacht neamhspleách ar cé chomh slán is a bhí an cinneadh chun na tionóntaithe a dhíshealbhú. Gné eile den chás seo ná cad iad na leighis atá ar fáil i gcás go sárófaí na hoibleagáidí a chuirtear ar bhrainsí an Stáit feidhmiú i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta Daonna faoi bhun ár reachtaíochta náisiúnta féin. Bhíothas fós ag fanacht le dáta éisteachta ag deireadh na bliana.

F & Eile v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí & Eile

I mí na Nollag rinne an Coimisiún cinneadh iarratas a dhéanamh go gceadófaí do pháirtithe eile a bheith linn i ról *amicus curiae* i gceithre chás chomhcheangailte inar tugadh orduithe chun tuismitheoirí eachtrannacha a bhfuil páistí acu ar saoránaigh Éireannacha iad a chur as an tír, mar aon le deartháireacha agus deirfiúracha na bpáistí Éireannacha. Ardaíonn na himeachtaí seo ceisteanna faoi cé chomh sásúil is atá athbhreithniú breithiúnach mar leigheas faoi bhun an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine nuair atá an baol ann go mbeadh sárú ar bhunchearta an duine ann. Chomh maith leis sin, ceistíodh bunreachtúlacht rialacha an dlí choitinn i dtaca le hAthbhreithniú Breithiúnach sna himeachtaí.

Bhíothas fós ag fanacht le cinneadh na hArd-Chuirte i leith an iarratais sin ag deireadh na bliana.

Tionscnaimh bheartais a eascraíonn as an gcásobair

Le linn 2010 lean an Coimisiún d'aighneachtaí beartais a chur faoi bhráid an Rialtais ag eascairt as fiosrúcháin agus seirbhísí dlí.

Justice for Magdalenes

I Meitheamh June 2010, d'iarr eagraíocht neamhrialtasach, *Justice for Magdalenes* (JFM), ar an gCoimisiún fiosrúchán a dhéanamh faoin gcaoi ar caitheadh le mná agus cailíní sna tithe níocháin 'Mhaigdiléana' a bhí á reáchtáil ag oird chrábhaidh áirithe. Ardaíodh raon leathan saincheisteanna san iarratas ar fhiosrúcháin, lena n-áirítear ról an Stáit maidir le mná agus cailíní a chur sna Tithe níocháin, nós a ardaíonn ceisteanna maidir le hobair éigeantais, maidir le huchtú agus le deireadh saoil na mban agus na gcailíní sin a fuair bás sna tithe níocháin.

Rinne an Coimisiún measúnú an-mhion ar an iarratas fiosrúcháin. Cé gur chinn an Coimisiún gan fiosrúchán dá chuid féin a dhéanamh, chinn an Coimisiún an measúnú a rinneadh ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta an duine a chur faoi bhráid an Rialtais. Moladh go mbunófaí meicníocht reachtúil chun na ceisteanna a d'ardaigh JFM a fhiosrú. Dhéanfadh a leithéid de mheicníocht, i dtús báire, imscrúdú ar cé acu a bhí nó nach raibh rannpháirteachas nó freagracht ag an Stát maidir le mná agus cailíní a chur chun na dtithe níocháin agus a scaoileadh astu, dálaí maireachtála agus oibre sna tithe níocháin agus deireadh saoil na mban a fuair bás iontu.

Moladh freisin, i gcás go gcruthófaí go raibh rannpháirteachas/freagracht ag an Stát, go leanfadh an mheicníocht reachtúil ar aghaidh agus athbhreithniú níos leithne a dhéanamh ar ar tharla, ar na himpleachtaí maidir le cearta an duine de agus ar cad é ba chóir a dhéanamh faoi, cinneadh ba chóir a ghlacadh i gcomhairle leis na mná a bhí sna tithe níocháin agus lena gcuid grúpaí tacaíochta. Bhíothas ag súil le freagra an Rialtais faoi dheireadh na bliana.

Reiligiún agus an tOideachas

Cuireadh an an Coimisiún ar an eolas, trína chuid cásoibre, go bhfuil imní ar roinnt tuismitheoirí maidir leis an easpa rogha atá ann i dtaca le scoileanna ilchreidmheaca agus scoileanna neamh-shainchreidmheacha sa Stát. Is cás leis na daoine seo go gcuirfear oideachas creidimh ar a gcuid páistí i scoil sainchreidmheach, in ainneoin go dtagann sin salach ar a dtuairimí reiligiúnacha nó fealsúnachta féin.

Tuigeann an Coimisiún gur réimse an-chasta, an-chigilteach atá i gceist seo an oideachais agus an chreidimh d'an-chuid tuismitheoirí agus, go deimhin, do na pobail chreidimh éagsúla a bhfuil ionadaíocht acu sa Stát seo. Chomh maith leis sin, mheas an Coimisiún go dtagann raon de chaighdeáin chearta an duine i gceist sa phlé ar ról an reiligiúin i gcúrsaí oideachais.
Ba chun dul i ngleic leis an gceist a d'óstaigh an Coimisiún mór-chomhdháil i bpáirt le Scoil Dlí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath: *Reiligiún agus an tOideachas: Peirspeictíocht Chearta an Duine* 27 Samhain 2010. Rinne saineolaithe acadúla náisiúnta agus idirnáisiúnta

cur i láthair, chomh maith le hionadaithe na bpáirtithe leasmhara éagsúla sa chóras oideachais agus ionadaithe na mórphobal creidimh a bhfuil ionadaíocht acu sa Stát.

Le linn na Comhdhála, sheol an Coimisiún plécháipéis ar an reiligiún agus an t-oideachas agus chuir tús le próiseas comhairliúcháin phoiblí ag lorg aighneachtaí ar an gceist. Is i bhfianaise an phróisis chomhairliúcháin sin a dhéanfaidh an Coimisiún moltaí a dhréachtú le cur faoi bhráid an Rialtais chun go mbeifear ag cloí leis na caighdeáin chearta an duine a bhaineann leis an oideachas agus reiligiún i gcomhthéacs chóras oideachais na hÉireann.

Bhí an comhairliúchán fós ag dul ar aghaidh ag deireadh na bliana.

Cur i láthair don Ghrúpa um Aitheantas Inscne

I nDeireadh Fómhair 2008 chuir an Coimisiún aighneacht faoi bhráid an Rialtais i dtaca le cearta daoine trasinscneacha a chosaint. De thoradh na haighneachta sin bhunaigh an Rialtas Grúpa Comhairleach Idir-rannach um Aitheantas Inscne chun tuairisciú ar pé athchóiriú dlí a theastaíonn sa réimse seo. Chuir an Coimisiún aighneacht eile faoi bhráid an ghrúpa sin i Meán Fómhair. I nDeireadh Fómhair 2010, chas toscaireacht de chuid an Choimisiúin le Cathaoirleach an Ghrúpa Chomhairligh Idir-rannaigh um Aiteantas Inscne chun an aighneacht a chuireamar faoi bhráid an Ghrúpa Chomhairligh a phlé. Ba é ba ábhar don aighneacht, agus don chur i láthair, ná scóip na reachtaíochta maidir le haitheantas inscne a bhí beartaithe agus na bearta a theastaigh chun go mbeadh an Stát ag cloí lena oibleagáidí faoi bhun an Chúnaint Idirnáisiúnta um Chearta Geilleagracha, Sóisialacha agus Cultúrtha. Bhíothas ag súil le tuarascáil an ghrúpa chomhairligh faoi dheireadh na bliana.

Moladh faoin gcaidreamh idir leanaí agus Gardaí

I mí Feabhra, fuair an Coimisiún iarratas ar fhiosrúchán ó athair linbh a fuair bás i nDeireadh Fómhair 2006. Bhí an chuma air gur chuir an leanbh lámh ina bhás féin. Bhí roinnt rudaí ag déanamh imní don athair maidir leis an gcaoi ar caitheadh lena mhac i ndéileálacha a bhí aige le comhaltaí den Gharda Síochána roimh a bhás.

Agus an t-iarratas ar fhiosrúchán á mheas ag an gCoimisiún cuireadh san áireamh an reachtaíocht a bhaineann le caidreamh idir chomhaltaí den Gharda Síochána agus mionaoisigh nach bhfuil á gcoinneáil ag an nGarda. Cuireadh san áireamh freisin doiciméid bheartais a chuir an Garda ar fáil mar gheall air sin. Mheas an Coimisiún go raibh bearna sa dlí sa mhéid is nach raibh sé soiléir go gcuirtear riachtanais an Choinbhinsiúin um Chearta an Linbh i bhfeidhm i ngach cás ina mbíonn caidreamh idir Ghardaí agus mionaoisigh nach bhfuil á gcoinneáil

I mí na Samhna 2010, chuir an Coimisiún litir chuig Coimisinéir an Gharda Síochána agus chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag cur na n-ábhar imní seo in iúl dóibh agus ag moladh go ndéanfaí an dlí sa réimse seo a athchóiriú. Moladh freisin go dtionscnódh an Garda Síochána prótacail láidre le linn dóibh bheith ag fanacht leis an athchóiriú dlí. I mí na Nollag thug Coimisinéir an Gharda Síochána le fios go gcuirfí athbhreithniú inmheánach i gcrích. Bhíothas fós ag fanacht leis ag deireadh na bliana.

b. Riarachán

Seirbhísí Corparáideacha

Acmhainní Daonna

Bhí bliain dheacair eile ag an gCoimisiún in 2010 mar gheall ar chiorruithe maoinithe agus an cosc leanúnach ar earcaíocht san earnáil phoiblí. Dá bhrí sin fágadh 4 Chomhaltacht folamh mar aon le post an Riarthóra Ghinearálta agus post mar Oifigeach Taighde agus Beartais.

Bhí ceithre phost seirbhíse ann nár líonadh ach oiread (Aturnae Conartha, Leabharlannaí páirtaimsearta agus dhá phost Tacaíochta don Ghrúpa Eorpach agus don Chomhchoiste).

D'fhonn cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais oibre agus beatha, agus d'fhonn costais a laghdú le linn 2010, tugadh gach uchtach do bhaill foirne saoire gan tuarastal a ghlacadh m.sh. sosanna gairme, saoire thuismitheora srl.

Níor earcaíodh aon bhall nua foirne sa Choimisiún le linn 2010.

Socrúcháin Ghairme agus Cláir Intéirneachta

Bhí dhá chineál nua socrúchán gairme á dtairiscint ag an gCoimisiún in 2009 agus leanadh díobh go rafarsa bhliain 2010: Intéirneachtaí agus Socrúcháin Ghairme. Ba é aidhm chlár intéirneachta an Choimisiúin ná taithí oibre a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil cúrsa staidéir iarchéime déanta acu agus ar mian leo bheith ag obair i réimse chearta an duine.

Bhí clár socrúchán gairme an Choimisiúin dírithe ar dheiseanna deonacha a chur ar fáil do lucht gairme dlí chun tacú le feidhmeanna dlí an Choimisiúin.

Bhí an-éileamh ar an dá chlár agus chuaigh dúthracht agus gairmiúlacht na ndaoine seo a leanas go mór chun sochair don Choimisiúin le linn 2010:

An Rannóg Fiosrúchán agus Seirbhísí Dlí

Rachel Power
Sarah Farrelly
Joanna Howells Roder
Keelin Mc Donald
Pia Janning
John Deignan
Nicole Thomas
Seanna Moran
Jennifer Roberts

An Rannóg Taighde, Beartais agus Poiblíochta

Sarah Freeman
Rónán Ó Briain
Áine Ní Ealaí
Bláithín Gallagher
Suzanne Parker
Aoife Lyons
Alison De Bruir
Oisín Bourke
Brónagh Crowley

Seirbhísí ó Fhoinsí Seachtracha

Lean an Coimisiún dá chuid oibre leis na Cuntasóirí Cairte Byrne & McCall sa bhliain 2010 chun gur fearr a bheimis ag cloí le dea-chleachtais i dtaca le rialú airgeadais, taifid airgeadais agus ráitis airgeadais a ullmhú. Leanamar freisin dár gcaidreamh oibre le Infinite Technology chun go mbeadh Tacaíocht theicniúil chuimsitheach ann agus chun go mbeadh seirbhísí aisghabhála le fáil ag an gCoimisiún dá dteipfeadh ar an gcóras Teicneolaíocht Faisnéise.

I measc na ndoiciméad beartais a foilsíodh go húrnua nó a uasdátaíodh sa bhliain 2010 bhí:

- An Clár Sócmhainní agus Beartas Caipitilithe
- Beartas maidir le Fóin Phóca a Fháil agus a Úsáid
- Beartas Taistil don Choimisinéir um Chearta an Duine
- Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí
- Córais Rialaithe Airgeadais Inmheánach
- Clár na bPríomhrioscaí

Staid Airgeadais

Laghdaíodh an chabhir dheontais faoi 32% sa bhliain 2009 go €1,596,000 agus rinneadh sin a laghdú arís go €1,523,000 sa bhliain 2010, rud a chuireann isteach go mór ar chumas an Choimisiúin a shainordú a chomhlíonadh. Tá Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (le linn iniúchadh ar ráitis airgeadais an Choimisiúin in 2010) i ndiaidh a dheimhniú go bhfuil an baol ann nach leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ‘ina ghnóthas leantach’.

Le linn 2009 rinne an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí socrú leis an Tiarna Talaimh chun go gcuirfí siar obligeáidí cíosa a bhaineann le háitribh an Choimisiúin. Bíodh is gur faoiseamh sealadach é sin don Choimisiún cuirfidh sé le deacrachtaí cistithe an Choimisiúin sa bhliain 2012, nuair a bheidh na táillí cíosa/seirbhísí iarchurtha le híoc.

Ní dea-chuma ar bith atá ar chúrsaí airgid an Choimisiúi. Ní leor an deontas bliantúil. Ní raibh dóthain tacaíocht airgid ann le haghaidh roinnt mhaith dár bhfeidhmeanna reachtúla agus leanamar orainn ag brath ar fhlaithiúlacht na n-oibrithe agus gcomhairleoirí deonacha a oibríonn ar bhonn *pro bono* chun na feidhmeanna sin a chur i gcrích.

5. Aguisíní

Aguisín 1 – Na Coimisinéirí

Bíonn 14 bhall ag an gCoimisiún, arna cheapadh ag an Rialtas ar feadh thréimhse cúig bliana. D'fhóin an chéad Choimisiún ó Iúil 2001 go dtí Meitheamh 2006. Ceapadh Coimisiún nua an 31Lúnasa 2006 agus thosaigh a théarma an 2 Deireadh Fómhair 2006. Ghlac an tUachtarán reatha, an Dr Maurice Manning, lena oifig an 1 Lúnasa 2002 agus ceapadh arís é i Lúnasa 2007. Seo a leanas nóta beathaisnéise ar an Uachtarán agus ar an 14 Coimisinéir:

An Dr Maurice Manning (Uachtarán)

Tá cúlra acadúil ag an Dr Manning agus bhíodh sé ag léachtóireacht roimhe seo i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, mar a bhfuil sé ina ina Ollamh Comhlach i Scoil na Polaitíochta agus an Chaidrimh Idirnáisiúnta. Is é Seansailéir Ollscoil na hÉireann é, agus bhí sé ina bhall, tráth, d'Údarás Rialaithe Institiúid Ollscoil na hEorpa i bhFlórans. Tá go leor leabhar scríofa ag an Dr. Manning faoi pholaitíocht nua-aimseartha na hÉireann. Bhí sé ina bhall den Oireachtas ar feadh bliain agus fiche, ag fónamh sa Dáil agus sa Seanad. Bhí sé ina bhall d'Fhóram na Nua-Éireann agus d'Eagras Idir-Pharlaiminte na Breataine. Tá tréimhsí caite aige ina Cheannaire ar an Seanad agus ina Cheannaire ar an bhFreasúra sa Teach sin.

William Binchy

Ceapadh William Binchy ina Choimisinéir i dtosach in 2001 agus athcheapadh é in 2006. Tá an tOllamh Binchy ina Ollamh Regius le Dlí i gColáiste na Trionóide, Baile Átha Cliath. Bhí sé ina chomhairleoir speisialta dlí ag an Roinn Dlí agus Cirt ar athchóiriú dlí teaghlaigh nuair a bhí reachtaíocht á hullmhú faoi chothú teaghlaigh, faoi chosaint áras cónaithe an teaghlaigh agus faoi fhoréigean sa bhaile. Agus é ina Chomhairleoir Taighde leis an gCoimisiún um Athchóiriú Dlí, thug sé comhairle ar athchóiriú an dlí i leith stádas leanaí. Bhí sé ina ionadaí ar son na hÉireann ag Comhdháil na Háige ar an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach i réimsí an phósta agus an uchtaithe idir thíortha. Bhí sé páirteach sa díospóireacht phoiblí ar shaincheisteanna maidir le cearta an duine, cuir i gcás, an Lucht Taistil, dídeanaithe, colscaradh agus ginmhilleadh.

Tá an tOllamh Binchy ar dhuine de lucht eagraithe cláir faoi bhunreachtúlacht a chuirtear ar fáil do bhreithiúna na Tansáine in Dar es Salaam.Tá sé ina chomheagraí freisin ar chlár oiliúna do ghiúistísí na Botsuáine. Ó1995 i leith, tá sé páirteach i gceardlann bhliantúil ar bhunreachtúlacht a eagrú le haghaidh Príomh-Bhreithiúna agus breithiúna sinsearacha de chuid stáit na hAfraice. I gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a thionóltar an cheardlann. Tá sé ina chomheagraí freisin ar chlár oiliúna do ghiúistísí na Botsuáine. Ó 1995 i leith,

eagraíonn sé ceardlann bhliantúil ar bhunreachtúlacht le haghaidh Príomh-Bhreithiúna agus breithiúna sinsearacha de chuid stát na hAfraice. I gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a bhíonn an cheardlann sin. Bhí sé ina Chomhalta ar Cuairt i gColáiste Corpus Christi, Cambridge ar feadh théarma na Féile Michíl 2002 agus bhí sé ina bhall de choiste Hederman chun Athbhreithniú a dhéanamh ar na hAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit. Bhí sé ina chomhairleoir don Bhreitheamh Dermot Kinlan, nach maireann, a bhí ina Chigire Príosún agus Ionad Coinneála, agus d'fheidhmigh sé mar chomhairleoir do Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí na hÉireann maidir le córas ceartais Timor-Leste.

Conleth Bradley

Is abhcóide é Conleth Bradley AS, a ceapadh ina Choimisinéir ar 3 Meán Fómhair 2008. Ar na réimsí cleachtais atá aige tá an t-athbhreithniú breithiúnach agus an dlí um chearta an duine.

Olive Braiden

Ceapadh Olive Braiden ina Coimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís í in 2006. Tá an tUasal Braiden ag obair sna hearnálacha deonacha agus pobail le breis agus 20 bliain. Bhí sí ina Stiúrthóir ar an Ionad Éigeandála um Éigniú ar feadh deich mbliana. Bhí baint aici le feachtais chun reachtaíocht a athchóiriú i réimse chearta na mban. Ba í a choimisiúnaigh Tuarascáil SAVI, an chéad taighde náisiúnta faoi mhí-úsáid ghnéis ar leanaí. D'aimsigh sí maoiniú Stáit chun cláir oiliúna a bhunú d'oibrithe pobail san lúgslaiv, mar a bhí an t-am sin, agus sa Chosaiv.
Is í an tUasal Braiden Cathaoirleach Bhord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Dhánlann Náisiúnta na hÉireann agus tá sí ina comhalta boird de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bhí an tUasal Braiden ina Cathaoirleach ar an gComhairle Ealaíon ó 2003 go 2009. Ba í an Cathaoirleach a bhí ar an nGníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime tráth a bunaíodh é. Bhí sí ina ball d'an chuid Meithle Oibre agus Coistí Stiúrtha Rialtais. In 2006, cheap an tAire Airgeadais í ar Bhord Tagarmharcála na Seirbhíse Poiblí agus cheap an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta í ar Thascfhórsa Chluichí Oilimpeacha Londan 2012. Thar thréimhse 15 bliana, tá sealanna caite aici ina cónaí sa Spáinn, sa Fhrainc, sa Bheilg, sa Ríocht Aontaithe, sna Bahámaí agus sa Téalainn. Bhain sí M.Phil sa Léann Inscní i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus bhronn Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath Dochtúireacht le Dlí uirthi in 2008.

Rosemary Byrne

Ceapadh Rosemary Byrne ina Coimisinéir in 2006. Is Léachtóir Sinsearach í sa Dlí Idirnáisiúnta Chearta an Duine agus ina Stiúrthóir san Ionad um Cheartas Iar-Choimhlinte i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. I rith a saoil ghairmiúil, bhí sí gníomhach i dtaighde agus in abhcóideacht i réimsí a bhaineann le dlí na himirce, dídeanaithe agus an tearmainn, agus labhair sí ar chearta an duine i mbreis is 20 tír. D'oibrigh sí le réimse eagraíochtaí

neamhrialtasacha idirnáisiúnta agus Éireannacha agus bhí sí i mbun oiliúna ar chearta an duine le haghaidh Chomhairle na hEorpa agus le haghaidh Choiste Helsincí.

Tá sealanna caite ag an Dr Byrne ina hollamh ar cuairt sna hinstitiúidí seo a leanas: Scoil Gnóthaí Idirnáisiúnta Pháras, Affairs, Institut d'Études Politiques (Sciences-Po), Scoil Dlí na Síne / an AE agus Ollscoil Dlí agus Eolaíochta Polaitiúla na Síne. Bhí an Dr Byrne in Comhalta Taighde de chuid Rialtas na hÉireann agus ina Comhalta ar Cuairt ag an gClár um Chearta an Duine, Scoil an Dlí in Harvard. Tá céim Baitsiléir Ealaíon aici sa Political Science ó Ollscoil Columbia agus tá Dochtúireacht Juris aici ó Scoil Dlí Harvard.

Robert Daly

Ceapadh Robert Daly ina Choimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís í in 2006. Is saineolaí é an tOllamh Daly ar Neamhord Strus Iarthrámach, ar an tionchar síciatrach a bhaineann le ceistiú agus céastóireacht agus ar ghnéithe den leigheas i gcomhthéacs chearta an duine go ginearálta. Rinne sé ionadaíocht do Rialtas na hÉireann chuig Coimisiún na hEorpa um Chearta an Duine sa chás ciaptha in aghaidh na Ríochta Aontaithe. Bhí sé ina bhall de Bhord Comhairleach Leighis Amnesty International a ghnóthaigh Duais Síochána na hEorpa. Thug sé comhairle d'Aontas Saoirsí Sibhialta Mheiriceá, agus d'oibrigh sé ar son íospartaigh mhí-úsáide i Stáit Mheiriceá Theas agus i gCogaí na mBalcán. Rinne sé measúnú ar chláir de chuid Choimisiún na hEorpa agus Chomhairle na hEorpa in go leor áiteanna ar fud an domhain. Bhí sé ina oiliúnaí freisin leis an gCoiste chun Céasadh a Chosc agus le hoibrithe a bhí ag ple le cearta an duine sa choimhlint sa Chosaiv. Bhí sé ina fhinné saineolach in go leor cásanna a bhaineann le cearta an duine ar dhá thaobh na teorann agus sa Ríocht Aontaithe.

D'fhóin an tOllamh Daly ar Choiste Chumann Síciatrach an Domhain ag plé le líomhaintí mí-úsáide. Nuair a bhí sé ina Chathaoirleach ar Roinn na hÉireann de Choláiste Ríoga na Síciatraithe, thug sé comhairle don Aire Sláinte maidir le hathruithe sa dlí i dtaca le Sláinte Mheabhrach. Bhí sé ina Dhéan Leighis agus ina cheann roinne ar Roinn na Síciatrachta i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, agus ina Stiúrthóir Clinice ar Bhord Sláinte an Deiscirt agus ina bhall den Chomhairle um Thaighde Leighis.

Suzanne Egan

Ceapadh Suzanne Egan ina Coimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís í in 2006. Tá an tUasal Egan ina léachtóir sa Dlí Idirnáisiúnta agus Eorpach um Chearta an Duine i nDámh an Dlí i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath ó 1992 i leith. Is abhcóide cáilithe í agus tá Céim Mháistreachta sa Dlí aici ó Scoil Dlí Osgoode Hall in Toronto. Sular thosaigh sí ag léachtóireacht in UCD, bhí sí ina Maor Dlíthiúil ar ionad neamhspleách taighde ar dhlí agus ar bheartas maidir le dídeanaithe i gCeanada (1989–1991) agus ina Cúntóir Taighde sa Choimisiún um Athchóiriú Dlí in Éirinn (1991-1992). Tá seal caite aici ar Choiste Feidhmeannach Chomhairle Dídeánaithe na hÉireann.

Tá go leor foilsithe ag Suzanne Egan i réimse chearta an duine, go háirithe i dtaca le dlí agus beartas i leith dídeánaithe. Bhí sí páirteach in oiliúint chearta an duine le haghaidh eagraíochtaí éagsúla neamhrialtasacha, le haghaidh Chomhairle na hEorpa agus le haghaidh lucht dlí.

Michael Farrell

Ceapadh Michael Farrell ina Choimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís é in 2006. Bhí baint mhór aige leis an ngluaiseacht Cearta Sibhialta i dTuaisceart Éireann sna 1960í agus sna 1970í agus bhí sé i mbun feachtais maidir le saincheisteanna cearta sibhialta agus cearta an duine le tríocha bliain anuas. Bhí sé páirteach i bhfeachtais Seisear Birmingham agus i feachtais daoine eile a d'fhulaing de bharr iomrall ceartais sna 1980í. Bhí baint aige freisin leis an bhfeachtas in aghaidh na cinsireachta polaitiúla faoi alt 31 den Acht Craolacháin. Bhí sé ina leaschathaoirleach agus ansin ina chomhchathaoirleach ar an gComhairle um Chearta an Duine don chuid is mó de na 1990í. Bhí sé gníomhach i bhfeachtais i dtaca le cearta daoine aeracha, cúrsaí colscartha, dlíthe comhionannais, cearta dídeanaithe, i bhfeachtais in aghaidh an chiníochais, agus i bhfeachtas chun an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a dhaingniú i ndlí na hÉireann.

Tá céim M.Sc. sa Pholaitíocht ag an Uas. Farrell. Bhí sé seal ina iriseoir agus ina scríbhneoir. Is aturnae anois é agus oibríonn sé do Na hIonaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce Teoranta (FLAC). Tá sé ina Leaschathaoirleach ar an gCoiste um Chearta an Duine ag Dlí-Chumann na hÉireann. Tá cásanna tógtha aige chuig an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine agus chuig comhlachtaí idirnáisiúnta eile. Rugadh agus tógadh i gCo. Dhoire é agus bhí sé ina chónaí i mBéal Feirste ar feadh 20 bliain sular aistrigh sé go Baile Átha Cliath, áit a bhfuil sé ina chónaí anois.

Alice Leahy

Ceapadh Alice Leahy ina Coimisinéir in 2006. Tá an tUasal Leahy ina Stiúrthóir ar TRUST, eagraíocht a chomhbhunaigh sí in 1975. Eagraíocht é TRUST atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus a thugann seirbhísí sláinte agus seirbhísí gaolmhara eile do dhaoine gan dídean. Chaith sí seal ina Chathaoirleach ar an nGrúpa um Athbhreithniú Pianbhreithe.

Is scríbhneoir, tráchtaire, craoltóir agus léachtóir í Alice Leahy, a fhéachann le daoine a chur ar an eolas faoi riachtanais na gcoimhthíoch inár sochaí, ag iarraidh teacht ar bhealaí praiticiúla chun gníomhú i gcoinne an eisiaimh shóisialta. Bíonn sí ag léachtóireacht go forleathan agus bhí ionchur aici i mbeartas poiblí agus í ina ball de chomhlachtaí éagsúla beartais, amhail An Coimisiúin Coireachta a bhunaigh an tArd-Mhéara agus a raibh an Breitheamh Michael Moriarty in chathaoirleach air; an Mheitheal Oibre a bhunaigh an tAire Sláinte chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcúram atá á fháil ag lucht meabhairghalair a bhfuil fadhbanna iompraíochta acu; agus an Fóram Náisiúnta um Choireacht. I measc na leabhar atá scríofa aici tá *Not Just a Bed for the Night* (1995), *With Trust in Place* (2003) agus *Wasting Time With People*? (2008). Tá roinnt duaiseanna faighte aici in aitheantas ar an obair atá déanta ag TRUST. I

measc na nduaiseanna sin tá dochtúireacht oinigh ó UCD agus Duais Phearsa Thiobraid Árann na Bliana 2004. Ba í an chéad bhuaiteoir foriomlan ar an Duais Litearthachta Sláinte Crystal Clear MSD i mí Aibreáin 2009, duais a bronnadh uirthi as saothar a saoil ag cur i gcoinne an eisiaimh shóisialta agus ag tacú le seirbhísí leighis do dhaoine gan dídean.

Lia O'Hegarty

Ceapadh Lia O'Hegarty ina Coimisinéir in 2006. Is céimí í de chuid UCC (BCL), Ollscoil Michigan (LLM) agus Ollscoil Harvard (LLM). Glaodh chun an Bharra í in 1996. D'oibrigh sí mar thaighdeoir leis an gCoimisiún um Athchóiriú Dlí ar feadh roinnt blianta. D'oibrigh sé mar léachtóir ar bhonn ócáideach i gColáiste na Tríonóide, Bhaile Átha Cliath agus i gColáiste na hOllscoile Corcaigh.

In 2000, ceapadh Lia O'Hegarty ina Comhairleoir Dlíthiúil Parlaiminteach le Tithe an Oireachtais. Ó shin, tá a comhairleoireacht féin bunaithe aici, a bhíonn ag déileáil le reachtaíocht agus le cúrsaí poiblí. Ceapadh in 2007 í ar Choiste Comhairleach um Chódú an Dlí Choiriúil, a bunaíodh de bhun an Achta um Cheartas Coiriúil 2006.

Tom O'Higgins

Ceapadh Tom O'Higgins ina Choimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís é in 2006. Is Comhalta d'Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann é agus bhí sé ina Uachtarán ar an Institiúid in 1991/92. Bhí sé ina pháirtí ag PricewaterhouseCoopers (PwC) ó 1969 go 2000. Tá céim aige san Eacnamaíocht agus sa Stair ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus i mBainistíocht Acmhainní Daonna (M.Sc. HRM) ó Scoil Ghnó Hallam Sheffield. Is Máistir-Chóitseálaí é freisin, cáilíocht a ghnóthaigh sé ó Ollscoil Middlesex. Tá sé ina bhall den Institiúid Chairte Pearsanra agus Forbartha agus den Institiúid Cánachais.

Is stiúrthóir é ar Concern Worldwide agus ar a fhochuideachtaí agus bhí sé ina chathaoirleach ó 1999 go 2003. Ó 2003 go 2010 bhí sé ina cathaoirleach ar AMK, eagraíocht mhicrea-airgeadais Concern sa Chambóid. Is iontaobhaí é de chuid Iontaobhas Oideachais an Uileloiscthe in Éirinn, ina chathaoirleach ar an bhfeachtas *Older and Bolder* agus ina stiúrthóir ar roinnt comhlachtaí príobháideacha. Bhí sé ina Chathaoirleach ar Ospidéal Ollscoile an Choim do Mhná agus do Naíonáin ó 2003 go 2007. Chaith sé seal ina Chathaoirleach ar *The Boardroom Centre* freisin. Is páirtí é de chuid *Praesta Partners Ireland*, eagraíocht a chuireann oiliúint ar fáil d'fheidhmeannaigh.

Is speisialtóir é ar shaincheisteanna rialachais chorparáidigh, agus tá sé ina chathaoirleach ar na Coistí Iniúchóireachta ag *Concern Worldwide* agus an tSeirbhís Chúirteanna. Tá sé ina bhall de Choiste Iniúchóireachta DIT agus Ollscoil na hÉireann freisin. Ó 2005 go 2010, bhí sé ina chathaoirleach ar na Coistí Iniúchóireachta in Oifigí an Ard-Aighne agus an Phríomh-Aturnae Stáit agus in oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí agus bhí an ról céanna aige i dTithe an Oireachtais agus sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta ó 2004 go 2009.

Helen O'Neill

Ceapadh Helen O'Neill ina Coimisinéir in 2006. Is Ollamh Emeritus í san Ionad do Staidéar Forbartha in UCD, a raibh sí ina stiúrthóir air tráth a bunaíodh é. Bhain sí céim B.Comm amach in UCD agus fuair sí céimeanna Máistreachta agus PhD san Eacnamaíocht ag Ollscoil McGill, Montreal, Ceanada. Bhí sí ina hUachtarán ar Chumann na hEorpa d'Institiúidí Taighde Forbraíochta agus Oiliúint in Éirinn ó 1993 go 1999, ina hUachtarán ar Chumann um Léann Cheanada in Éirinn ó 2000 go 2002, agus bhí sí ina cathaoirleach ar Choiste Comhairleach de chuid rialtas na hÉireann ar Chomhoibriú Forbartha agus ar Choimisiún na hÉireann um Cheartas agus Síocháin.

Bhí an tOllamh O'Neill ina ball de roinnt coistí idirnáisiúnta lena n-áirítear an coiste beartais ar thíortha atá i mbéal forbartha de chuid na Comhairle Idirnáisiúnta Eolaíochta (ICSU). Bhí sí ina hollamh ar cuairt i roinnt mhaith institiúidí, lena n-áirítear Ollscoil na Saimbia, Institiúid an Bhainc Dhomhanda, Ollscoil Corvinus, Búdaipeist agus Ollscoil Vidzeme, an Laitvia. Tá tionscadail curtha i gcrích aici le haghaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta (lena n-áirítear an Banc Domhanda agus Eagraíocht Forbartha Tionsclaíochta na Náisiún Aontaithe) i mbreis agus dosaen tíortha san Afraic agus sa réigiún tras-Chugais. D'fheidhmigh sí mar shaineolaí leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta sa Bhruiséil i ndáil le réimse leathan saincheisteanna a bhaineann leis an gcaidreamh idirnáisiúnta agus le forbairt réigiúnach. D'fheidhmigh sí mar chomhairleoir le hArd-Stiúrthóireacht Forbartha an AE freisin.

Is minic a rinne an tOllamh O'Neill ionadaíocht thar ceann an Choimisiúin mar chomhairleoir ar shaincheisteanna chearta an duine i dtíortha i mbéal forbartha. Tá sí ina comhairleoir le Cúnamh Éireann le roinnt blianta anuas. Tá sé leabhar foilsithe aici agus os cionn 50 páipéar acadúil tugtha aici ar thopaicí a bhaineann le forbairt, cearta an duine agus an caidreamh idirnáisiúnta agus tá aoi-léachtaí tugtha aici in ollscoileanna ar gach mór-roinn. D'fhoilsigh UCD Press féilscríbhinn ina honóir sa bhliain 2006, is é sin *Trade, Aid and Development,* in eagar ag Majda Bne Saad and Maura Leen.

Gerard Quinn

Ceapadh Gerard Quinn ina Choimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís é in 2006. Is ollamh le Dlí é an tOllamh Quinn in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Glaodh chun Barra na hÉireann é in 1983. Tá Dochtúireacht aige san Eolaíocht Dhlíthiúil (SJD) ó Ollscoil Harvard. Is iarStiúrthóir Taighde é ar an gCoimisiún um Athchóiriú Dlí agus bhí sé ina cheannaire ar fhoireann taighde dhlí an Choimisiúin ar Stádas Daoine le Míchumas. D'oibrigh sé leis an gCoimisiún Eorpach ar shaincheisteanna ginearálta a bhaineann le cearta an duine agus ar ionstraimí beartais de chuid an AE a ullmhú i dtaca le cearta lucht míchumais. Bhí sé ina Stiúrthóir ar Líonra AE de Dhlíodóirí um Idirdhealú Míchumais. Tá sé anois ina chomhstiúrthóir

ar Líonra AE atá níos mó fós agus a bhíonn ag plé leis an dlí maidir le hIdirdhealú ar gach foras (aois, cine, míchumas, srl.).

Bhí an tOllamh Quinn ina Chéad-Leasuachtarán ar Choiste na hEorpa um Chearta Sóisialta (Comhairle na hEorpa). Tá sé ina bhall de bhoird chomhairleacha taighde na n-eagraíochtaí seo a leanas: *Land Mine Survivors Network* (Washington DC) agus Clár Monatóireachta an AE maidir leis na Tíortha Aontachais ar Mhíchumas (Búdaipeist) de chuid Fhondúireacht Soros. Bhí sé ina bhall de Mheitheal Oibre de chuid na Náisiún Aontaithe a tionóladh chun an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cearta Daoine le Míchumas a dhréachtú. Tá go leor foilsithe aige ar chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha, faoi chearta daoine le míchumas agus faoi chearta an duine i gcomhthéacs an AE.

Roger Sweetman

Ceapadh Roger Sweetman ina Choimisinéir in 2006. Go dtí 1981, bhí an tUasal Sweetman ina aturnae le Herman, Good & Co (agus ina Pháirtí leo ina dhiaidh sin). Cláraíodh ansin é in Óstaí an Rí. Ó 1979 go dtí 1989, bhí sé ina theagascóir/comhairleoir san Abhcóideacht agus an Dlí Coiriúil ag Scoil an Dlí de chuid Dhlí-Chumann Corpraithe na hÉireann. In 1983, bronnadh an chéim Abhcóide air agus glaodh chun an Bharra é. As sin go ceann 19 bliain, d'oibrigh sé ag an mBarra i mBaile Átha Cliath agus ar Chuaird an Oirthir. Tar éis a cheaptha ar Phainéal Ionchúisimh Bhaile Átha Cliath de chuid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, bhain an chuid is mó dá chleachtas leis an gcoireacht, idir ionchúiseamh agus chosaint.

Sa bhliain 2002, glaodh an tUasal Sweetman go Barra na Sinsear, mar a mbionn se ag feidhmiu mar Abhcóide treorach – ar son na gcosantóirí, den chuid is mó – i gcásanna tromchúiseacha coireachta. Bhí baint aige freisin le réimsí *habeas corpus* agus leis an athbhreithniú breithiúnach. Mar chleachtóir dlí coiriúil, bhí baint aige i ndeimhniú agus i gcosaint cearta daoine a bhfuil coireanna curtha ina leith i roinnt réimsí éagsúla.

Cuireadh an tUasal Sweetman ar an ngearrliosta faoi dhó le haghaidh ceapacháin don Chúirt Eorpach um Chearta an Duine. In 2008 ceapadh ar phainéal na gCathaoirleach neamhspleách é le bheith i gceannas ar fhiosruithe araíonachta an Gharda Síochána.

Katherine Zappone

Ceapadh Katherine Zappone ina Coimisinéir i dtosach in 2001 agus arís in 2006. Cheap an Taoiseach, Enda Kenny T.D. an Dr Zappone ina Seanadóir de chuid Sheanad Éireann. Tá an Dr Zappone ina Comhbhunaitheoir agus ina Stiúrthóir ar an Lárionad don Athrú Forásach, Teo., a chuireann seirbhísí ar fáil do dhaoine aonair, grúpaí agus eagraíochtaí a bhfuil ord sóisialta nua á bhunú in Éirinn acu, bunaithe ar phrionsabail an cheartais shóisialta, an chomhionannais agus chearta an duine. Bhí sí seal ina Príomhfheidhmeannach ar Chomhairle Náisiúnta na mBan agus bhí sí páirteach i roinnt coistí agus meithleacha oibre ag leibhéal

náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta chun cearta eacnamaíocha agus sóisialta na mban agus comhionannas inscne a chur chun cinn.

Is iarbhall de Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach í an Dr Zappone agus is iomaí sin tionscadal taighde náisiúnta atá curtha i gcrích aici i dtaca le beartas poiblí, comhionannas inscne, agus an comhionannas in oideachas páistí. Is comhbhunaitheoir agus Cathaoirleach í ar 'An Cosán', eagraíocht mhór phobail i dTamhlacht Thiar i mBaile Átha Cliath, atá tiomanta chun deireadh a chur leis an mbochtanas trí mheán an oideachais.

Chaith an Dr Zappone deich mbliana i mbun léachtóireachta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, áit a mbíodh sí ag léachtóireacht ar an eitic agus ar chearta an duine agus tá tréimhsí caite aici ag léachtóireacht i gCeanada, san Astráil, san Eoraip, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ar fud na hÉireann. Is i bpáirt lena céile, Anne Louise Gilligan, a scríobh sí an saothar is déanaí dá cuid: *Our Lives Out Loud: In Pursuit of Justice and Equality*. Tá PhD san Oideachas agus sa Reiligiún aici ó Boston College.

Aguisín 2 – Coistí an Choimisiúin ar 31 Nollaig 2010

1. An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca & Críocha Ginearálta
2. An Coiste um Chiníochas, Gáinneáil & Imirce
3. An Coiste Ceartais
4. An Coiste Cásoibre
5. Feasacht agus Oideachas

1. An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta & Críocha Ginearálta

Baill:

Tom O'Higgins (Tionólaí), Conleth Bradley, Olive Braiden, Robert Daly, Éamonn Mac Aodha, Maurice Manning, Katherine Zappone

Téarmaí

1. I gcomhpháirt leis an bPríomhfheidhmeannach, tuairisciú go rialta don Choimisiún maidir le hioncam agus caiteachas buiséadach ag cibé amanna a leagtar síos ó am go ham;

2. Chun comhairle a chur ar an gCoimisiún agus moltaí a thabhairt dó, faoi réir fheidhmeanna an Phríomhfheidhmeannaigh, maidir le beartas airgeadais agus bainistiú an Choimisiúin, agus iad seo, go háirithe:
    a. buiséid a bhreithniú agus a cheadú;
    b. forbhreathnú a chur ar fáil de réir na moltaí airgeadais agus Rialachais i dtuarascáil iniúchóireachta inmheánach PriceWaterhouseCoopers agus de réir an dea-chleachtais sa réimse;
    c. athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm agus aon athruithe nó feabhsuithe a mholadh a d'fhéadfaí a dhéanamh dá dhroim sin de réir mar is cuí;
3. Tuairisciú don Choimisiún maidir le haon nithe ábhartha i dtaca le hairgeadas nó rialachas corparáideach i gcaitheamh na bliana;

4. Athbhreithniú a dhéanamh ar oibleagáidí an IHRC i dtaca le Bainistíocht Riosca, agus faisnéis a thabhairt don Choimisiún maidir le riosca na neamhchomhlíonta.

2. An Coiste um Chiníochas, Gáinneáil & Imirce

Baill:

Michael Farrell (Tionólaí), Rosemary Byrne, Alice Leahy, Tom O'Higgins, Helen O'Neill.

Téarmaí Tagartha:

- Beartas an Choimisiúin a chur i bhfeidhm maidir le comhrac an chiníochais agus tacaíocht don ilchultúrthacht de réir mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach an Choimisiúin agus san Aighneacht a cuireadh faoi bhráid an Ghrúpa Stiúrtha um Plean Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais (NAPAR). Beifear ag obair, am ar bith is féidir sin, i gcomhpháirt le comhlachtaí reachtúla eile sa réimse agus le comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht ar mhionlaigh eitneacha;

- Moltaí a chur ar fáil don Choimisiún chun gur féidir a bheartas ar an gciníochas agus ar an ilchultúrthacht a fhorbairt;

- Leanúint den obair le comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla chun go ndéanfar an NAPAR a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Beidh obair an Choiste sa réimse seo bunaithe ar an aighneacht a chuir an Coimisiún faoi bhráid Ghrúpa Stiúrtha an NAPAR;

- Na gnéithe sin den dlí agus de ghnáthaimh imirce agus tearmainn a mbíonn tionchar acu ar an gciníochas agus ar an ilchultúrthacht a choinneáil faoi athbhreithniú (d'fhéadfadh an Coiste tús a chur leis an obair sin ach, mar gheall ar líon na ngníomhaireachtaí agus ar an méid reachtaíochta atá i gceist, b'fhéidir go dteastódh grúpa oibre faoi leith chun an réimse seo a thaighdiú agus moltaí a chur ar fáil);

- Ról a imirt maidir le caighdeáin chearta an duine a phoibliú agus a chur chun cinn de réir mar a bhaineann siad le saincheisteanna ciníochais. Modhanna monatóireachta agus modhanna chun na caighdeáin a chur i bhfeidhm a phoibliú agus a chur chun cinn, go háirithe i dtaca le daoine den Lucht Siúil, lucht iarrtha tearmainn, oibrithe imirceacha, dídeanaithe agus Éireannaigh de chúlraí éagsúla eitneacha;

- Feidhmiú mar ionadaithe de chuid an Choimisiúin nó cuid de na baill a cheapadh mar thoscairí ar son an Choimisiúin ar Fhochoiste Ciníochais Chomhchoiste an Choimisiúin agus an NIHRC.

3. An Coiste Ceartais:

Baill:

Maurice Manning (Tionólaí), William Binchy, Robert Daly, Suzanne Egan, Michael Farrell, Lia O'Hegarty, Gerard Quinn, Roger Sweetman.

Téarmaí Tagartha:

- Cuspóirí an Choimisiúin um Chearta an Duine a chur chun cinn sa réimse lárnach sin, Riar an Cheartais, lena n-áirítear dlíthe éigeandála;

- Tosaíochtaí a aithint agus straitéis a fhorbairt maidir leis an réimse lárnach sin, Riar an Cheartais mar atá leagtha amach sa *Phlean Straitéiseach 2003-2006;*

- Imscrúdú a dhéanamh ar conas ba cheart don Choimisiún dul i ngleic le saincheist na nAchtanna um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939-1989.

Nóta: Go dtí 16 Márta 2009, ba é an t-ainm a bhí ar an gCoiste seo ná *An Coiste Um Riar an Cheartais*.

4. An Coiste Cásoibre:

Baill:

Maurice Manning (Tionólaí), Roger Sweetman

Téarmaí Tagartha:

- Nósanna imeachta a bhunú i gcomhair fheidhmeanna an Choimisiúin a chur i ngníomh faoi ailt 8(f) (maidir le halt 9 (1)(a)), 8(h) agus (k) d'Acht Choimisiún um Chearta an Duine, 2000 (an tAcht), faoi réir faomhadh ag cruinniú iomlánach;

- Breithniú a dhéanamh ar mholtaí an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le feidhmeanna an Choimisiúin a chur i ngníomh faoi ailt 8(f) (maidir le halt 9(1)(a)), 8(h) agus (k) den Acht, agus tuairisc a dhéanamh don Choimisiún le linn cruinniú iomlánach;

- Breithniú a dhéanamh ar ábhair a chuirfidh an Príomhfheidhmeannach faoina bhráid faoi ailt 9(1)(b) nó 10 den Acht agus aon mholtaí a dhéanamh air sin don Phríomhfheidhmeannach, é sin nó an t-ábhar a chur faoi bhráid cruinniú iomlánach lena thuairimí a fháil;

- Polasaí agus straitéis an Choimisiúin maidir le cásobair a fhorbairt, faoi réir threoir an Choimisiúin agus de réir mar a dhéanfaí feidhm ar bith a tharmligean don Phríomhfheidhmeannach, agus moltaí a dhéanamh don Choimisiún le linn cruinniú iomlánach;

- Breithniú a dhéanamh ar iarratais ó dhaoine aonair nó ar mholtaí ón bPríomhfheidhmeannach, ag leanúint de *Threoirlínte Amicus Curiae* an Choimisiúin, go bhféadfadh an Coimisiún iarratas a dhéanamh, ag leanúint d'alt 9(h) den Acht, don Ard-Chúirt nó don Chúirt Uachtarach ag iarraidh cead teacht os comhair na cúirte ábhartha mar *amicus curiae* in imeachtaí a bhaineann le cearta aon duine agus chun moltaí a dhéanamh don Choimisiún le linn cruinniú iomlánach;

- Breithniú a dhéanamh ar iarratais ó dhaoine aonair nó ar mholtaí ón bPríomhfheidhmeannach go dtionscnódh an Coimisiún imeachtaí cúirte ag lorg faoisimh maidir le hábhar a bhaineann le cearta an duine, ag leanúint d'ailt 8(k) agus 11 den Acht agus chun moltaí a dhéanamh don Choimisiún le linn cruinniú iomlánach.

5. An Coiste Feasachta agus Oideachais

Baill:

Katherine Zappone (Tionólaí), Olive Braiden (Comhthionólaí), Suzanne Egan, Tom O'Higgins, Helen O'Neill.

Téarmaí Tagartha:

- Chun obair oideachais a threorú agus comhairle a chur ar fáil maidir le straitéis agus beartas d'fhonn an Coimisiún a chur i láthair an phobail.

Aguisín 3 - Foireann an Choimisiúin in 2010

Éamonn Mac Aodha	Príomhfheidhmeannach

An Rannóg Fiosrúchán, Seirbhísí Dlí agus Riaracháin.

Des Hogan	Leas-Phríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Fiosrúchán, Seirbhísí Dlí & Riaracháin
Sinéad Lucey	Oifigeach Sinsearach Fiosrúchán agus Dlí
Gerry Finn	Oifigeach Fiosrúchán agus Dlí
David Carolan	Riarthóir (Airgeadas agus Acmhainní Daonna)
Karine Petrasuc	Oifigeach Deisce
Aideen Damery	Oifigeach Cléireachais
Sharon Brooker	Oifigeach Cléireachais

An Rannóg Taighde, Beartais agus Poiblíochta

Kirsten Roberts	Stiúrthóir Taighde, Beartais agus Poiblíochta
Fidelma Joyce	Oifigeach Sinseartha Feasachta faoi Chearta an Duine
Róisín Hennessy	Oifigeach Sinsearach Taighde agus Beartais (Ar shos gairme ó Mheitheamh 2010)

Aguisín 4 – Prionsabail Pháras

Prionsabail maidir le Stádas na nInstitiúidí Náisiúnta (Prionsabail Pháras)

Arna nglacadh le rún 48/134 den Chomhthionól Ginearálta, an 20 Nollaig 1993

Inniúlacht agus freagrachtaí

1. Beidh institiúid náisiúnta dílsithe le hinniúlachtaí chun cearta an duine a chothú agus a chosaint.

2. Tabharfar sainordú chomh leathan agus is féidir d'institiúid náisiúnta, a leagfar amach go soiléir i dtéacs bunreachtúil nó reachtach, ina sonrófar leagan amach na hinstitiúide agus a réimse inniúlachta.

3. Beidh na freagrachtaí seo a leanas, inter alia, ar institiúid náisiúnta:

(a) Tuairimí, moltaí, tograí agus tuarascálacha maidir le haon ní a bhaineann le cothú agus cosaint chearta an duine a chur faoi bhráid an Rialtais, na Parlaiminte agus aon fhorais inniúil eile, ar bhonn comhairle ar iarratas ó na húdaráis lena mbaineann nó trína cumhacht chun ní a éisteacht gan tarchur níos airde a fheidhmiú; féadfaidh an institiúid náisiúnta a chinneadh iad a phoibliú; bainfidh na tuairimí, moltaí, tograí agus tuarascálacha sin, chomh maith le haon sainphribhléid den institiúid náisiúnta, leis na réimsí seo a leanas:

(i) Aon fhorálacha reachtacha nó riaracháin, chomh maith le forálacha a bhaineann le heagraíochtaí breithiúnacha, a bhfuil se mar aidhm acu cosaint chearta an duine a chaomhnú agus a leathnú; sa cháil sin, imscrúdóidh an institiúid náisiúnta na forálacha reachtúla agus riaracháin atá i bhfeidhm, chomh maith le billí agus tograí, agus déanfaidh moltaí de réir mar is cuí léi d'fhonn a chinntiú go gcloíonn na forálacha sin le bunphrionsabail chearta an duine; molfaidh sí, más gá, reachtaíocht nua a ghlacadh, reachtaíocht atá i bhfeidhm a leasú agus bearta riaracháin a ghlacadh nó a leasú;

(ii) Aon sárú ar chearta an duine a chinneann sí a ghlacadh ar láimh;

(iii) Tuarascálacha a ullmhú ar an staid náisiúnta i leith chearta an duine i gcoitinne, agus ar shaincheisteanna faoi leith;

(iv) Aird an Rialtais a dhíriú ar chúinsí in aon pháirt den tír ina sáraítear cearta an duine agus tograí a dhéanamh le haghaidh tionscnaimh chun deireadh a chur le cúinsí den chineál sin agus, nuair is gá, tuairim a nochtadh maidir le seasaimh agus freagrairtí an Rialtais;

(b) Comhchuibhiú reachtaíochta, rialachán agus cleachtas náisiúnta leis na hionstraimí

idirnáisiúnta um chearta an duine a bhfuil an Stát ina pháirtí iontu a chothú agus a chinntiú, agus a bhforfheidhmiú éifeachtach;

(c) daingniú na n-ionstraimí thuasluaite nó a n-aontachas a spreagadh, agus a bhforfheidhmiú a chinntiú;

(d) Ionchur a bheith aici sna Tuarascálacha a a bhfuil sé ceangailte ar an Stát iad a chur faoi bhráid fhoras agus choistí na Náisiún Aontaithe, agus faoi bhráid institiúidí réigiúnacha, de bhun a n-oibleagáidí conarthacha agus, nuair is gá, tuairim a nochtadh ar an ábhar, agus aird chuí á tabhairt ar a neamhspleáchas;

(e) Comhoibriú leis na Náisiúin Aontaithe agus aon eagraíocht eile i gcóras na Náisiún Aontaithe, institiúidí réigiúnacha agus na institiúidí náisiúnta tíortha eile atá inniúil i réimsí chosaint agus chothú chearta an duine;

(f) Cuidiú le cláir a cheapadh chun cearta an duine a mhúineadh agus chun taighde a dhéanamh ar an gcéanna agus páirt a ghlacadh i bhfeidhmiú na gclár sin i scoileanna, ollscoileanna, agus i measc lucht gairme;

(g) Cearta an duine agus iarrachtaí chun gach cineál leithcheala a chloí, leithcheal chiníoch go háirithe, a phoiblú trí fheasacht an phobail a ardú, go háirithe le faisnéis agus leis an oideachas agus trí úsáid a bhaint as gach brainse den phreas.

Comhdhéanamh agus ráthaíochtaí neamhspleáchais agus iolrachais

1. Déanfar comhdhéanamh na hinstitiúide náisiúnta agus ceapadh a comhaltaí, cibé acu le toghchán nó ar shlí eile, a bhunú de réir nós imeachta a cheadaíonn go gcinntítear gach ráthaíocht is gá chun ionadaíocht iolrach na bhfórsaí sóisialta (sa tsochaí shibhialta) a bhaineann le cosaint agus cothú chearta an duine, go háirithe le cumhachtaí a cheadóidh comhar éifeachtach a bhunú le hionadaithe na bpáirtithe seo a leanas, nó trí a leithéid d'ionadaithe a bheith i láthair:

(a) Eagraíochtaí neamhrialtasacha atá freagrach as cearta an duine agus iarrachtaí chun an leithcheal ciníoch a chomhrac, ceardchumainn, eagraíochtaí sóisialta agus gairmiúla atá comhbhách, mar shampla, cumainn aturnaethe, dochtúirí, iriseoirí agus eolaithe ardchéime;

(b) Treochtaí sa smaointeoireacht fhealsúnta nó reiligiúnach;

(c) Ollscoileanna agus saineolaithe cáilithe;

(d) An pharlaimint;

(e) Ranna rialtais (má chuirtear iad seo san áireamh, is i gcáil chomhairleach amháin ba cheart dá n-ionadaithe a bheith rannpháirteach sna breithniúcháin).

2. Beidh bonneagar ag an institiúid náisiúnta a oireann dá ghníomhaíochtaí a stiúradh go réidh, maoiniú leordhóthanach go háirithe. Ba cheart go mbeadh sé mar chuspóir leis an maoiniú sin a chur ar a cumas di foireann agus áitreabh dá cuid féin a bheith aici, le bheith neamhspleách ar an Rialtas agus gan a bheith faoi réir ag rialú airgeadais a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar a neamhspleáchas.

3. 3. D'fhonn sainordú seasmhach a chinntiú do chomhaltaí na hinstitiúide náisiúnta, nach féidir mórán neamhspleáchais iarbhír a bheith ann ina éagmais, déanfar a gceapachán a chur i gcrích le hacht oifigiúil a dhéanfaidh aga sonrach an tsainordaithe a shuíomh. Féadfaidh an sainordú sin a bheith inathnuaite, ar choinníoll go gcinntítear iolrachas chomhaltas na hinstitiúide.

Modhanna oibriúcháin

Laistigh de chreat a cuid feidhmíochta, déanfaidh an institiúid náisiúnta:

(a) Breithniú gan srianadh ar aon cheisteanna a thagann laistigh dá hinniúlacht, cibé acu a chuirtear faoi bhráid an Rialtais iad nó go nglacann sé leo gan tarchur chuig údarás níos airde, ar thogra a comhaltaí nó aon achainígh;

(b) Aon duine a éisteacht agus aon fhaisnéis agus aon doiciméid a fháil is gá chun measúnóireacht a dhéanamh ar imthosca a thagann laistigh dá hinniúlacht;

(c) Páirt dhíreach a ghlacadh sa tuairimíocht phoiblí nó in irisí agus nuachtáin, go háirithe chun a tuairimí agus a moltaí a phoibliú;

(d) Cruinnithe a thionól ar bhonn rialta agus cibé uair is gá i láthair a cuid ball uile tar éis dóibh dul i gcúram go cuí;

(e) Meithleacha a bhunú as measc a comhaltaí mar is gá, agus rannóga áitiúla nó réigiúnacha a chur ar bun chun cuidiú léi a feidhmeanna a chomhlíonadh;

(f) Comhairleoireacht a chothabháil leis na forais eile, dlínseach nó eile, atá freagrach as cearta an duine a chothú agus chosaint (go háirithe ombudsmen, eadránaithe agus institiúidí comhchosúla);

(g) I bhfianaise an róil bhunúil atá ag na heagraíochtaí neamhrialtasacha in obair na n-institiúidí náisiúnta a leathnú, caidreamh a fhorbairt leis na heagraíochtaí neamhrialtasacha atá tiomanta do chearta an duine a chothú agus a chosaint, don fhorbairt eacnamúil agus shóisialta, don

chiníochas a chomhrac, do chosaint a thabhairt do ghrúpaí leochailleacha (leanaí, oibrithe imriceacha, dídeanaithe, daoine faoi mhíchumas coirp agus meabhrach go háirithe) nó do réimsí speisialaithe.

Prionsabail bhreise a bhaineann le stádas coimisiún a bhfuil inniúlacht shamhaildhlínseach acu

Féadfaidh institiúid náisiúnta a bheith údaraithe chun gearáin agus achainíocha a éisteacht agus a bhreithniú a bhaineann le himthosca ar leith. Féadfaidh daoine aonair, a n-ionadaithe, tríú páirtithe, eagraíochtaí neamhrialtasacha,comhlachais de cheardchumainn nó aon eagraíochtaí ionadaíocha eile cásanna a thabhairt os a comhair. In imthosca den sórt sin, agus gan dochar do na prionsabail a thugtar thuas maidir le cumhachtaí eile na gcoimisiún, féadfaidh na feidhmeanna a chuirtear ar a n-iontaoibh a bheith bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

(a) Comhréiteach cairdiúil a lorg tríd an athmhuintearas nó, laistigh de na teorainneacha a fhorordaítear le dlí, trí chomhaontuithe ceangailteacha nó, nuair is gá, ar bhonn rúndachta;

(b) A chearta nó a cearta a chur in iúl don pháirtí a chomhdaigh an achainí, go háirithe na réitithe atá ar fáil dó nó di, agus éascú don duine sin teacht orthu;

(c) Aon ghearáin nó achainíocha a éisteacht nó iad a tharchur chuig aon údarás inniúil eile laistigh de na teorainneacha a fhorordaítear le dlí;

(d) Moltaí a dhéanamh chuig na húdaráis inniúla, go háirithe trí leasuithe nó athchóirithe ar na dlíthe, na rialacháin agus na cleachtais riaracháin a mholadh, go háirithe más iad a chruthaigh na deacrachtaí atá ag na daoine a chomhdaíonn na hachainí d'fhonn a gcearta a dhearbhú.

Aguisín 5 - Ráiteas Bliantúil don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta maidir le Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit

Thar ceann an Choimisiúin um Chearta an Duine, admhaím an fhreagracht atá orainn cloí leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit.

Deimhním gur shínigh gach ball den Choimisiún 'Clár Leasa na mBall' de réir an chóid sin agus go bhfuil an Coimisiún um Chearta an Duine lántiomanta don eitic in oifigí oiblí agus an tiomantas sin a dhaingniú de thoradh ar obair bhaill an Choimisiúin, obair an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Criocha Ginearalta agus obair na mBainisteoiri.

Chomh maith leis na srianta agus nósanna imeachta airgeadais atá i bhfeidhm cheana, tá roinnt shuntasach beartas agus cód a choinníonn an Coimisiún un Chearta an Duine faoi athbhreithniú agus a chabhraíonn lenár dtiomantas leanúnach don dea-chleachtas sa réimse seo, lena n-áirítear Cóid Iompraíochta don fhoireann agus do bhaill an Choimisiúin, Beartas Taistil, Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí agus Beartas maidir le Bainistíocht Riosca.

Thar ceann an Choimisiúin um Chearta an Duine,

_____ _____

An Dr. Maurice Manning Dáta
Uachtarán

Aguisín 6 - Ráitis Airgeadais don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2010

Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Alt 16 d'Acht an Choimisiúin um Chearta an Duine 2000. Is i bhfoirm dhréachta réamhiniúchta a chuirtear na cuntais sna Tuarascáil Bhliantúil seo i láthair. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Alt 16 d'Acht an Choimisiúin um Chearta an Duine 2000 agus cuireadh iad faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Agus an tuarascáil seo á foilsiú, bhí na dréachtráitis fós le faomhadh.

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin um Chearta an Duine

Ceanglaítear ar an gCoimisiún ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom maidir le staid chúrsaí Choimisiún um Chearta an Duine agus ar an ioncam agus caiteachas don tréimhse sin.

Agus é ag ullmhú na ráiteas sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus críonna
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin mura bhfuil sé cuí glacadh leis go mairfidh an Coimisiún um Chearta an Duine.

Tá freagracht ar Choimisiún um Chearta an Duine taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil a nochtann, ar bhonn atá réasúnta cruinn, staid airgeadais Choimisiún um Chearta an Duine agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlionann na ráitis an tOrdu.

Tá sé freagrach freisin as acmhainní Choimisiún um Chearta an Duine a shlánchoimeád agus ar an ábhar sin, glacadh le céimeanna réasúnta chun calaois agus mírialtachtaí eile a aimsiú agus a chosc.

Thar ceann an Choimisiúin,

An Dr. Maurice Manning Uachtarán	Dáta	Éamonn Mac Aodha Príomhfheidhmeannach	Dáta

Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

Freagracht as na Córais Rialuithe Airgeadais Inmheánacha

Thar ceann an Choimisiúin um Chearta an Duine, glacaim leis an bhfreagracht atá orainn chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht chóras na heagraíochta i dtaca le rialuithe airgeadais inmheánacha agus iad a chinntiú.

Tá freagracht ar an gCoimisiún um Chearta an Duine, tríd an bPríomhfheidhmeannach, maoirsiú a dhéanamh ar na córais rialaithe inmheánacha agus dearbhuithe a thabhairt don Choimisiún.

Tá sé ina aidhm ag córas rialaithe inmheánaigh riosca a laghdú murab ionann agus gach riosca a chur ar neamhní agus ní féidir lena leithéid de chóras ach dearbhú réasúnach a thabhairt, seachas dearbhú iomlán, go bhfuil acmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifead i gceart, agus go gcuirfear cosc ar bhotúin ábhartha nó go mbraithfear go tráthúil iad.

Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Seo a leanas cur síos ar na príomh-nósanna imeachta atá socraithe ag an gCoimisiún d'fhonn rialú airgeadais inmheánach éifeachtach a sholáthar.

(i) Tá struchtúr eagraíochta bunaithe ag an gCoimisiún agus tá línte freagrachta agus tuairiscithe soiléire ann. Tá nósanna imeachta foirmiúla ann chun teipeanna suntasacha ar rialú a thuairisciú agus chun a chinntiú go gcuirfear bearta coigeartaithe i bhfeidhm.

(ii.) Bíonn láidreacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ag brath ar cháilíocht agus ar ionracas na mbainisteoirí agus na foirne.

(iii.) Feidhmíonn an Coimisiún um Chearta an Duine próiseas cuimsitheach Bainistíochta agus Tuairiscithe Airgeadais. Leagtar miondealú caiteachais os comhair na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

(iv.) Tá nósanna imeachta údaraithe sainmhínithe ag an gCoimisiún maidir le soláthar agus íoc creidiúnaithe. Tá na teorainneacha údaraithe seo ina gcuid de ráiteas an Choimisiúin ar rialú airgeadais inmheánach.

(v) Ar na nósanna imeachta atá ann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh tá:

- Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Críocha Ginearálta a thagann le chéile go rialta agus a dhéanann athbhreithniú ar fheidhmíocht airgeadais.

- Tá rialuithe údaráithe ionsuite ag Córas Bainistíochta Airgeadais an Choimisiúin chun a chinntiú nach féidir ach le baill foirne atá údaraithe tabhairt faoi phróisis áirithe atá sonraithe.

Déantar monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin um Chearta an Duine ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh i bhfianaise obair bhaill an Bhoird, obair an Choiste Airgeadais, Iniúchta, Riosca agus Críocha Ginearálta agus i bhfianaise na dtuairimí a thugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuairiscí eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe:

Rinne an Coimisiún um Chearta an Duine athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh le linn 2010.

Thar ceann an Choimisiúin um Chearta an Duine,

_____ _____

An Dr. Maurice Manning Dáta
Uachtarán

Ráiteas maidir le Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Ginearálta

Rinneadh na cuntais a ullmhú de réir Alt 16 d'Acht an Choimisiúin um Chearta an Duine 2000. Cuimsíonn na Ráitis Airgeadais an bhliain 1 Eanáir 2010 go 31 Nollaig 2010.

Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhruithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhormáid atá faofa ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus de réir an chleachtais a nglactar go forleathan leis.

Deontais Oireachtais

Taispeántar deontas i gcabhair ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar bhonn fáltais airgid.

Socmhainni Seasta Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag a gcostas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas chun costas na sócmhainní seasta inláimhsithe thar a saol úsáideach a dhíscríobh mar seo a leanas.

Foirgnimh:	4%
Troscan Oifige:	20%
Feistis & Fearas	20%

Cuntas Caipitil

Is é atá sa Chuntas Caipitil ná luach an ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

Pinsin

Oibríonn an Coimisiún scéim phinsean sochar sainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhunús *pay as you go* ó airgead atá curtha ar fáil ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (An Roinn). Déantar dliteanais na Scéime Pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh an aonaid réamh-mheasta á úsáid. Freagraíonn costais pinsin do na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na foirne a aisíoctar don Roinn Airgeadais de réir socruithe airgeadais gníomhaireachta. Aithnítear méid a fhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam don mhéid atá sé in-aisghabhála, agus déantar é a fhritháireamh le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a scaoileadh. Aithnítear gnóthachain nó caillteanais a eascraíonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn. Is ionann dliteanais pinsin agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá saothraithe ag an bhfoireann go data. Is ionann maoiniú pinsin iarchurtha agus an tsócmhainn in-aisghabhála atá le haisghabháil amach anseo on Roinn.

An Coimisiún um Chearta an Duine

Cuntas Ioncaim & Caiteachais don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2010

	Nótai		2010 €		2009 €
IONCAM					
Deontas Oireachtais Faighte			1,532,000		1,596,000
Aistriú go Cuntas Caipitil		(3)		(9,814)	
Amúchadh Deontas sa Bhliain		46,226	46,223	49,817	40,003
Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin	9 (d)		97,400		75,100
Ranníocaíochtaí Fostaithe Aisíoctha leis an R. Airgeadais			(36,800)		(36,800)
Cíos Faighte			31,468		21,200
Ranníocaíocht			0		0
Ús Bainc Infhaighte			210		242
Ioncam Iomlán don Bhliain			1,670,502		1,695,745
			==========		==========
CAITEACHAS					
Tuarastail Foirne	1		946,420		1,124,986
Táillí Coimisinéirí	2		194,518		221,563
Tacaíocht don Ghrúpa Eorpach			0		0
An Comhchoiste			567		1,102
Costais Phinsin	9 (a)		60,600		38,300
Taighde			0		0
Comhdhálacha			3,153		2,712
Na Meáin & Comhlaireoireacht			2,078		0
Teas agus Solas			13,210		11,068
Riachtanais Oifige			17,923		16,421
Glanadh			5,075		4,624
Áitribh	3		363,415		213,612
Cló agus Foilsiú			5,272		6,083
TF & Tacaíocht			13,924		28,517
Leabharlann			0		0
Teileafón			9,330		11,161
Postas agus Pacáistiú			3,646		2,147
Táillí Bainc			544		623

Árachas		19,231	20,289
Speansais Ghinearálta		4,847	4,439
Traenáil		3,759	3,491
Cothú		13,782	11,161
Fógraíocht		310	0
Táillí Dlí	11	(7,954)	(11,171)
Táille Iniúchóireachta		7,349	7,849
Táillí Cuntasóra		11,468	10,564
Muirear Dímheasa		46,226	49,817
(Brabús)/Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainne		2,399	
Caiteachas Iomlán		1,741,092	1,779,358
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain		(70,590)	(83,613)
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe		(32,256)	51,357
Iarmhéid curtha ar aghaidh ag deireadh na bliana		(102,846)	(32,256)
Ráiteas um Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána			
(Easnamh) / Barrachas don Bhliain		(70,590)	(83,613)
Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach ar Dhliteanais Phinsin		(165,500)	41,900
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha		165,500	(41,900)
(Caillteanas) / Gnóthachan Aitheanta Iomlán don bhliain		(70,590)	(83,613)

Tá an ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 12 ina gcuid de na cuntais seo.

Arna shíniú ag:

An Dr Maurice Manning	**Éamonn Mac Aodha**
Uachtarán	**Príomhfheidhmeannach**

Dáta: ___/___/2011

An Coimisiún um Chearta an Duine

Clár Comhardaithe ar 31 Nollaig 2010

			2010 €		2009 €
Sócmhainní Seasta	**4**		639,699		685,923
Sócmhainní Reatha					
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh		403,967		411,799	
Fiachóirí	**5**	6,393		1,767	
		410,361		413,566	
Dliteanais Reatha					
Creidiúnaithe & Fabhruithe	**6**	(513,206)		(445,821)	
Glan-Sócmhainní Reatha			(102,845)		(32,255)
Glan-Sócmhainní Roimh Phinsin			536,854		653,668
Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha do Phinsin	**9 (c)**		470,700		502,000
Dliteanais Phinsin	**9 (b)**		(470,700)		(502,000)
Glan-Sócmhainní			536,854		653,668
Arna léiriú ag					
Cuntas Caipitil	**10**		639,700		685,923
Ioncam & Caiteachas Barrachas/(Easnamh)			(102,846)		(32,255)
			536,854		653,668

Tá an ráiteas faoi bheartais agus prionsabail cuntasaíochta agus nótaí 1 go 12 ina gcuid de na cuntais seo.

Arna shíniú ag:

An Dr Maurice Manning	**Éamonn Mac Aodha**
Uachtarán	**Príomhfheidhmeannach**

Dáta: ___/___/2011

An Coimisiún um Chearta an Duine

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2010

1 Tuarastail

De réir alt 18 d'Acht Choimisiún um Chearta an Duine 2000, féachfaidh an Coimisiún do threoirlínte an Rialtais nó do threoirlínte atá comhaontaithe go náisiúnta nuair atá luachanna saothair nó liúntais eile á gcinneadh aige.

Comhlíonfaidh an Coimisiún aon treoir maidir lena leithéid de luachanna saothair, liúntais, téarmaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh an tAire tabhairt don Choimisiún le toiliú an Aire Airgeadais.

Rinneadh €41,711.79 de thobhach pinsin a bhaint den fhoireann in 2010 agus íocadh é leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí / An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.

Tá an Príomhfheidhmeannach ar iasacht ón Roinn Gnóthaí Eachtracha. Íocadh €47,448 leis trí chóras rolla tuarastail an Choimisiúin. Ghearr an Roinn Gnóthaí Eachtracha €97,898 breise ar an gCoimisiún as a chuid seirbhíse. Ta costas ranníocaíochtaí ÁSPC an Fhostóra istigh san fhigiúir sin.

Rinneadh speanais de luach €6,041 a chúiteamh leis an bPríomhfheidhmeannach le linn na bliana. Ó chinn an Coimisiún cártaí creidmheasa na cuideachta a chur ar ceal, áirítear san fhigiúr sin speanais neamhphearsanta i.e. costais taistil agus chothaithe baill eile foirne agus na Coimisinéirí a rinne an Príomhfheidhmeannach a áirithint agus a íoc lena chárta creidmheasa pearsanta féin.

2 Táillí Coimisinéirí

Tá táillí de luach €14,963 iníoctha le gach duine den 14 Coimisinéir. Rinne níos mó ná Coimisinéir amháin na táillí a mhaitheamh.

Fuair an tUachtarán íocaíochtaí tuarastail de luach €202,422.53 in 2010.
Aisíocadh speanais taistil agus chothaithe de luach €3,963.51 leis an Uachtarán in 2010.

Níl an tUachtarán ina bhall de scéim aoisliúntais an Choimisiúin um Chearta an Duine.

3 Léas Oibriúcháin

Ta léas 25 bliana ag an Coimisiún um Chearta an Duine ó 8 Deireadh Fómhair 2003, i leith

cóiríocht oifige i dTeach Jervis. €301,383 costas bliantúil an léasa.
Tar éis laghdú suntasach ar an deontas i gcabhair a bhí ar fáil don Choimisiún in 2009, bhuail oifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí le tiarna talún agus, trí chaibidlíocht, socraíodh íocaíochtaí a chur siar go 2012 ar bhonn saor ó ús.

Tá suim iarchurtha 2009 agus 2010 san áireamh i bhfigiúr na bhfabhruithe.

4 Sócmhainní Seasta	Foirgnimh SL thar 25 bliain	Trealamh 20% RB	Feistis 20% RB	Iomlán
Costas				
	€	€	€	€
Iarmhéid 1 Eanáir	736,554	114,848	138,589	989,992
Breis	-	2,402	-	2,402
Diúscairtí	-	11,441	-	11,441
Iarmhéid 31 Nollaig	**736,554**	**105,809**	**138,589**	**980,953**
Dímheas Carntha				
Iarmhéid 1 Eanáir	132,054	80,452	91,563	304,069
Muirear don Bhliain	29,462	7,360	9,405	46,227
Dímheas Carn. ar Dhiúscairt	-	9,042	-	9,042
Ar 31 Nollaig 2010	**161,516**	**78,770**	**100,968**	**341,254**
Glan-Luach Leabhair				
Iarmhéid 31 Nollaig 2010	**575,038**	**27,039**	**37,621**	**639,699**
Iarmhéid 31 Nollaig 2009	604,500	34,396	47,026	685,923

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2010

5	Fiachóirí	2010	2009
		€	€
	Réamhíocaíochtaí	6,393	5,200
		6,393	5200

6	Creidiúnaithe & fabhruithe laistigh d'aon bhliain	2010	2009
		€	€
	Creidiúnaithe Trádála - (Ceannacháin dlite ag deireadh na bliana)	8,294	3,441
	Tionscadal Oid. & Oil. um Chearta an Duine	133,606	164,369
	Tionscadal Athbhreithniú Uilíoch Tréimhsiúil	51,874	
	ÍMAT/ÁSPC	43,648	57,343
	Tobhach Pinsin	8,852	323
	Táillí dlite do Bhaill den Choimisiún	27,775	31,712
	Cáin Iarchoimeádta Ghairmiúil iníoctha	3,531	-
	Fabhruithe	235,626	188,634
		513,206	445,822

7	Tionscadal Oideachais & Oiliúna an Choimisiúin	2010	2009
		€	€
	Iarmhéid tosaigh	164,369	
	Cistí Faighte	75,000	175,000
	Speansais	(105,763)	(10,631)
	Iarmhéid	133,606	164,369

Tionscadal de chuid an Choimisiúin is ea An Tionscadal Oideachais um Chearta an Duine a bhfuil Atlantic Philanthropy ag tacú leis.
Tá €250,000 sainnithe ag Atlantic Philanthropy chun an tionscadal seo a chur i gcrích. Leanfaidh sé ar aghaidh go dtí lár 2011.

8 Tionscadal Athbhreithniú Uilíoch Tréimhsiúil an Choimisiúin

	2010	2009
	€	€
Cistí Faighte	68,000	-
Speansais	(16,126)	-
Iarmhéid	51,874	-

Tionscadal de chuid an Choimisiúin is ea an tAthbhreithniú Uilíoch Tréimhsiúil a bhfuil Atlantic Philanthropy ag tacú leis. Tá €68,000 sainnithe ag Atlantic Philanthropy chun an tionscadal seo a chur i gcrích. Leanfaidh sé ar aghaidh
go dtí lár 2011.

9 Aoisliúntais

(a) Anailís ar chostas iomlán pinsin arna muirearú ar Chaiteachas

	2010	2009
	€	€
Costas seirbhíse reatha	71,800	56,000
Ús ar dhliteanais scéim phinsean	25,600	19,100
Socúchán	-	-
Ranníocaíochtaí fostaithe	(36,800)	(36,800)
Muirear oibriúcháin iomlán	60,600	38,300

(b) Gluaiseacht sa ghlandliteanas pinsin sa bhliain airgeadais

	2010	2009
	€	€
Barrachas / (Easnamh) sa dliteanas Scéime ar 1 Eanáir	(502,000)	(348,200)
Costas seirbhíse reatha	(71,800)	(56,000)
Socúchán	-	-
Costas úis	(25,600)	

		(19,100)
Caillteanas / (gnóthachain) achtúireachta aitheanta in STRGL	165,500	(41,900)
Ranníocaíochtaí fostaithe	(36,800)	(36,800)
Glanbharrachachas Pinsin ar 31 Nollaig	(470,700)	(502,000)

An Coimisiún um Chearta an Duine

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2010 ar lean

(c) Maoiniú Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine na méideanna seo mar shócmhainn a fhreagraíonn
don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin ar bhunús na sraithe bonn tuisceana ar cuireadh síos orthu
thuas agus ar roinnt imeachtaí atá tarlaithe san am a caitheadh. Áirítear leis na himeachtaí seo an bunús reachtúil atá le bunú
na scéime aoisliúntais, agus an beartas agus cleachtas atá ann faoi láthair i ndáil le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú
lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas bliantúil meastacháin.
Bíodh is nach bhfuil aon chomhaontú foirmeálta ann leis an Roinn
Airgeadais maidir leis na méideanna sonracha seo, níl aon
fhianaise ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine nach
leanfaidh an beartas maoinithe
seo ag freastal ar a leithéid de shuimeanna de réir an chleachtais reatha.
€470,700 an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin a bhí ann ar ag 31 Nollaig 2010
(2009: €502,000).

(d) Ba é an Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin a aithníodh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ná

	2010 €	2009 €
Maoiniú in-aisghabhála i leith chostais phinsin na bliana reatha	97,400	75,100
	97,400	75,100

(e) Cur síos ginearálta ar an scéim

Oibríonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine a scéim phinsean mar shocrú pinsin *pay as you go*

agus, mar sin de, níl aon sócmhainní aige.
Ag dáta an chláir comhardaithe, bhí 11 ball gníomhach agus 8 mball iarchurtha ann. Tá sonraí maidir leis an mballraíocht agus tuarastal inphinsin curtha ar fáil ag riarthóirí na Scéime. Tá dliteanas seirbhíse na Scéime faoi mar a bhí ar 31 Nollaig 2010 bunaithe ar thuarastail dheireanacha fortheilgthe atá ar fáil sa tábla thíos.

	2010 €	2009 €
Rolla tuarastail inphinsin	344,600	345,400
Dliteanas seirbhíse tugtha do bhaill ghníomhacha	391,800	407,300
Baill iarchurtha	78,900	94,700
Baill ar pinsinéirí iad	-	
Glandliteanas seirbhíse tugtha	470,700	502,000

(f) Ba iad na príomhbhoinn tuisceana airgeadais a úsáideadh:

	2010	2009
Ráta lascaine	4.90%	5.50%
Ráta méadaithe i dtuarastail	3.10%	4.00%
Boilsciú	2.10%	2.25%
Méaduithe ar Phinsean Stáit	2.10%	3.00%
Tábla Mortlaíochta	62% de PNML00 70% de PNFL00	62% de PNML00 70% de PNFL00
Feabhsuithe	0.39% pa	0.39% pa
Ionchas saoil Fear aois 65	21.60	21.50
Ionchas saoil Bean aois 65	23.30	23.20

Modh Aonaid Fortheilgthe de réir mar atá sainordaithe faoi FRS17.
Tabhair faoi deara go mbeidh ardú sa chostas seirbhíse reatha faoin modh seo má ardaíonn meánaois na mball gníomhach.

(g) Faisnéisithe Athbhreithnithe FRS17

Tá an fhaisnéis maidir le pinsin curtha ar fáil de réir na gceanglas faisnéisithe nua a theastaíonn ó 2009 i leith faoi leasú ar FRS 17.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2010

10	Cuntas Caipitil		2010		2009
			€		€
	Iarmhéid tosaigh		685,923		725,926
	Aistriú ó/(go dtí) Ioncam agus Caiteachas				
	Sciar den deontas a bronnadh a úsáideadh chun críocha caipitil	3		9,814	
	Amúchta sa bhliain de réir le dímheas sócmhainne	(46,226)		(49,817)	
	Gluaiseacht ghlan sa bhliain		(46,223)		(40,003)
	Iarmhéid deiridh		639,700		685,923

11	Táillí Dlí	2010	2009
	Fiosrúcháin	(8,987)	0
	Amicus Curiae	0	132
	Cúnamh Dlí	67	(16,191)
	Táillí Dlí Ginearálta	966	4,888
		(7,954)	(11,171)

12 Faomhadh

Rinne an Coimisiún na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar shínigh na páirtithe seo a leanas iad thar ceann an Choimisiúin:

Arna shíniú ag:

An Dr Maurice Manning	**Éamonn Mac Aodha**
Uachtarán	**Príomhfheidhmeannach**